traogal ó chuchuigeadh é, 7 na mairtirigh glórmhara d'fhulaing bár 7 pionóir le claidheamh, le pleag 7 le croich, le h-iarainn deargha, le beithidheadaibh allta, craobhacha, námhaidheacha, 7 le larrachaibh móra. Nach mar geall ar Dia 7 ar an nglóir d'fhaghbáil uaidh d'fhulaing riad na rianta móra ro? Ar an ádhbar ro, cuirimíd anoir, a compána ar ár noibirt, ornaigh 7 gol doilgearacha ruar chum na bhflaitheas agus, mar adeir San Aguistin, béidh luathgháir 'san tír naomhta ordainn, an áit ar féidir linn a rádh: "Ó! a Thigearna, is maith do beith annro."

Inar an ceathramhadh h-áit fóghanraidh mar dhéimire dúinn le dul ruar chum rolus beag d'fhaghbáil dúinn ar an nglóir fíorraidhe, nó mar lóchrann le raidhbheas na cathrach naomhta d'feicsin, an rann chuinne go h-iomlán do chuchuig Dia ar neimh-nídh. Féach, nach mar geall orrt, a compánaigh, do chuchuig ré na flaithis leathna, an mhór-fairringe ro ór do chionn, an ghrian, an gealach, na réalta, 7 na dúile, leis an órdughadh iongantach le n-a bhfuil riad 'na ruidhe. Nach é Dia do chuchuig an t-ór, an t-airgead, na cloca uairle, 7 na péarlaí, le gach nídh iongantach, uasal, mór-luaigh dá bhfuil ar fead an domhain, fá'n dtalamh, ór a chionn, inar an bhfairrge, nó tarrt timcheall an chlaidhigh? Nár thug ré duit tuigse 7 toil do d'anam, rolus dod' fhílidh 7 blas dod' béal, deir dod' anáil do leigean 7 do tharraing, éirteacht dod' chluasaibh, toibreacha le d'fhuaradh, luibeanna le do leigheas, torta 7 gach uile nídh atá ar an raoghal ro chum do chothughadh? Ó Dia go fírinneach do-geibhídh an uile nídh aca ro inar an traoghal ro, 7 mórán mór de neithibh maithe eile. Ar an ádhbar ro, má tá an oideas rin de chúram aige 'nár dtimcheall inar an ngleann bocht ro na dibeartachta, gidhé mhéid

na neithe maithe úd d'ollmhaighibh ré hur an tír nuaidh do'n mhuinntir do gabh nó do-beir gean ⁊ grádh dó? Má ghnídh ré an oireadh ro de mhaith dá náimhdibh hur an gcabán chráidhte reo Adhaimh, goidé méid do dhéanfaidh ré dá cháirdibh i n-a palás foillsigthe glóire? "San amhail," adeir Naomh Aguistín linn, "is mó atá le teacht 'ná is féidir linn do mhíniughadh, mar do dearbhar na briathra ro an Abstail dúinn: 'ní facca súil riamh,' adeir sé, 'ní chualadh cluas ⁊ ní dhéachadh isteach i gcroidhe duine riamh neithe níos breághtha 'ná na neithe atá ag Dia dá chomhairle na bhfiréan i n-a thigh ghlórmhar féin." So an áit, a chompánaigh, i n-ar mhaith dhúinn beith.

Féachamaoid fós, ar an ordóigh, ar an ngaisgidh ⁊ ar an ngradam do-beidh Dia dá cháirdibh féin ar an saoghal so d'fhóghnamh mar lóchrann dúinn. Nídh chearthaigh riamh ó thruthughadh an domhain, in gach aois de, daoine comhachtacha ins an mbeathaidh ghrianmhálta do chuir chroidhe daoine eile ar lasadh le briathraibh saoibhreacha, neamhda, ⁊ do líon iad le tearc-ghrádh Dé, d'ár umhluigh slata struithe ⁊ corónacha impireamhla na Gréige, na Persia ⁊ na Róimhe le gach nídheacht eile barbardha atá ar fead an domhain. "Atá Dia," adeir an fáidh, "do-iongantach i n-a naomhaibh" (Sailm. lxvii. 36), leis an mbrídh agus na subailcí móra do-beir ré dóibh i measg ceann díoghmhail an traoghail so, i n-aghaidh fóir, na mbeidheadh díochmhar, fiadhain ⁊ diabhal isinn. Is fiadhnaise do'n fhírinne so na naoimh úd do mhúch le n-a naomhtacht na lasracha móra, do chuir na cnuic ⁊ na gléidhte ar a n-áit, do thormuigh na h-aibhneacha, d'ár ghéill an fairrge, na flaithis, ⁊ an ghrian, éanlaith an aeir, ⁊ éigh móra na fairrge. Agus má bí an oireadh sin de ghean ⁊ de ghrádh ag Dia ar na chéadúirídh daonda do bí oílis dó, go dtug ré do daoinibh simplidhe, beaga,

boga, boćta, onóir 7 comhacht com mór rin i measg daoine mór, raibhe, comhachtach an traoghail ro, gcinnidhe an onóir, gcinnidhe an ghlóir nach dtiubhraidh dóibh i Rígheacht na Trínóide ró-naomhta. "Créad do bhéar inr an tír," adeir an doctúir milir-bhriathrach linn, "má tá an oireas rin d'fairringe geana inr an mbealach?" Ní iarrann an ponc ro orm leanamhain air níor fuirde, mar atá gach nídh do baineas leir com follas roiléir rin agus atá an ghrian indiu ór do chomair ar na flaitheasaibh.

Téigmíd ar ár n-aghaidh mar rin 7 féachamaoid ar an reireadh lóchrann le n-a dtuigtear gach ráthadh anma 7 cuirp, gach aoibhneas 7 taitneamh mór do bí ag na naomhaibh i n-a mbeathaidh ar an raoghal ro cum reirbír Dé do dhéanamh, ar thoil, mar ghealladh ar an nghrádh do bí aca air, 7 ar an nodhar do bí aca 'na thócaire, go raibh riadh líonta de rath Dé 7 Dia iontu mar do bíor an teine 'ran iarann dearg do tarrthaingtear amach ar an teallach, 7 leir an trádh do bí aca i nDia dá iomchar 'na gcroidhibh go rinne riadh dearmad de'n traoghal go h-iomlán, dá maitheas, dá onóir, dá aoibhneas, 7 dá pomp, dá dtoil fadr fein, dá dtír, dá gcáirdibh 7 dá ndaoinibh, as dul tarrtha féin ar bárr larrmhaic geana 7 ghrádha Dé as iarrmhaidh an phriomhúin dorcha, dorchadha ro d'fágbháil, 7 eitheóg do thabairt fuar cum na bhfaitheas as cainnt leir na bhriathraibh ro Dáibhídh naomhta le Dia: "Do fághadhar mé nuair do chídhfidh mé do ghlóir." So an cuimhne tus ar phátrúnaibh na mbocht, Naomh Phoinntinan ghlórmhar, a rádh le Dia 'na phiantaibh mórna, cormhadha: "Atá an ghlóir atá as feitheamh orm com mór rin go bhfuil fágtha agam in mo uile fhéin." Seachain, ar an ádhbar ro, a chompánaigh m'anma, a cholann, ir leat ata mé as cainnt, cleasuigheacht 7

líonṫa an ṫraoġail ro; iomċaṙ go foiġneaċ a ḃuaiḋ-ṙeaḋ ⁊ a anṙó; leaṅ loṙġ na naoṁ; ṙciuṙáil, ġlan ⁊ niġ d'anam boċt anoiṙ in oo ḃeaṫaiḋ le oeoṙaiḃ ⁊ le h-oibṙeaċaiḃ na h-aiṫṙiġe fíṙinniġe ionnaṙ go ḋtiucṙaḋ leaṫ a ṙáḋ go binn i níġeaċt na ġlóiṙe fíoṙṙaiḋe na bṙiaṫṙa ro le Naoṁ Peaoaṙ: "Ó, a Ṫiġeaṙna, iṙ maiṫ ḋúinn beiṫ annṙo."

"Bímíṙ ag imṫeaċt," maṙ aoeiṙeaḋ Clann Iṙṙael leo féin i n-aoiṙ ,óiġe Aoin-Mic Dé, "le h-aṁaṙc aṙ Mac Muiṙe, ionnaṙ go nḋéanṙaiḋe ṙúġaċ finn." So an ṙeaċtmaḋ lóċṙann aġainn le h-aṁaṙc an ġlóiṙ Ríoġ na caṫṙaċ naoṁṫa. Do bí, a ċompáṅaiġ, íoṙa Cṙíoṙt i n-a iomċaṙ, ní h-eaḋ aṁáin i n-a áṙṙuiġeaċt, ċoṁ ṫṙócaiṙeaċ, ġeanaṁail, ⁊ ġṙáḋṁaṙ finn, aċt ṙóṙ, i n-a leanḃuiġeaċt, a'ṙ go ḋtaṙṙaingeoċaḋ ṙé cṙoiḋċe na nḋaoine ċum ġṙáḋ do ṫaḃaiṙt ḋó, ⁊ an ṫan do bíoḋ aon ċuiḋ aca ṙaoi ġṙuaim, tuiṙṙeaċ, doḃṙónaċ, do-beiṙeaḋ an ċuiḋ eile de n-a ġcáiṙdiḃ, le n-a ġcṙoiḋċiḃ do ṫóġḃáil, cuiṙeaḋ ḋóiḃ ċum ḋul d'aṁaṙc aṙ Mac Muiṙe na h-Óiġe ⁊, maṙ aoeiṙ Naoṁ Ieṙonimuṙ, leiṙ an neaṙt do bí 'ṙan ḋiaḋaċt i ḃṙolaċ ṙaoi ḃṙaṫ na ḋaonnaċta i ġcṙoiḋe an leanḃáin neaṁḋa, íoṙa Cṙíoṙt, do bíoíṙ, gan ṁoill, ṙúġaċ, ṙoilḃiṙ aṙ ṁoḋ ċoṁ h-ionġantaċ ṙin go nḋéanṙaiḋiṙ oeaṙmaḋ de'n ṫraoġal go h-iomṙlán ⁊ d'oileaṁain, ṙóṙ, bíḋ nó oíġe do ġlacaḋ. Deaṙḃuiġ miniṙṫṙí an ċiṙt féin, do cuiṙeaḋ ċum íoṙa Cṙíoṙt do ġaḃáil, an fíṙinne ro nuaiṙ d'fill ṙiaḋ ṫaṙ n-aiṙ gan é leo ⁊ aṅuḃaiṙt ṙiaḋ náṙ laḃaiṙ ḋuine ṙiaṁ maṙ do laḃṙaṙ an ḋuine ro. Iṙ ṙiaḋnaiṙe ḋam, ṙóṙ, aṙ an bṙíṙinne ro na ṫṙí níġṫe do ċonnaic a ḋaonnaċt, maṙ aoeiṙ Naoṁ Aguiṙtín, ⁊ d'aḋṙaiġ dá ḋiaḋaċt; maṙ an ġcéaḋna, an peaċtaċ puiḃliġe do bí aġ éiṙteaċt go h-aiṙeaċ le n-a bṙiaṫṙaiḃ maṙ do ṫeaġ-

aiṫg ré le glóir naonda neiṫe diadha, mar adeir Paulinus naomhta linn. Do ċruṫuiġ Naomh Peadar fírinne an ċomhráid ro nuair aoubairt ré leis an dTiġearna féin: "Ó! a Thiġearna, cia ċuige a ṫacamuid; agat féin atáid briathra na beatad maiṫeannaiġe." Do ṫaob ré mar ro amaċ mar nár ḃréidir a ṫágaṁ acht nuair do bíod ré ag aṁairc ar a Máiġistir glórmhar, 7 ó méid an tróláir do bíod aige ag aṁairc air nuair do ṫairbeáin ré beagán dá glóire corporda dó ar an fliaḃ, oubairt ré na briathra ro: "Ó! a Thiġearna, is maiṫ dúinn beiṫ annro." Ó! a compánaiġ, má ṫáguiġead go deimhneaċ beagán de glóir Críosd 7 a ġeanamhlaċt Naomh Peadar 7 na daoine, créad é mar aċċuinge, do ṫáróċad ré finn le mórdaċt a glóire, i n-aiḃéis na fíorṫaidheaċta i gcuideaċtain na n-aingeal 7 na naomh, an áit ar ṫéidir linn a rád: "Ó! a Thiġearna, is maiṫ dúinn beiṫ annro."

Anois, a compánaiġ, tug mé fíor duit na locṫainn, readt díob, le n-a dtug mé le tuigsin duit beagán de'n glóir úd atá ag Dia dá do comain. Sanntuigmíd gan fopar i n-ár mbeatáid le Naomh Peadhnárd do beiṫ ar hallaíb an Tiġearna. Siúd ár dtír fuar ór ár gcionn. Siúd an tír do coṫain a ċuid fola d'Íosa Críosd. Smuain go minic uirre, a ċarais; faoċnuiġ 7 fanntuiġ duit féin í le leoir-ġníomhaṁaiḃ; diúltaiġ i gcomhnuide do'n diabal 7 dá oibreaċaiḃ. Glac le h-Íosa Críosd 7 leis na fuḃailcíḃ; cuir fiuan le do ċéadṫaḃaiḃ ainmianaċa, fmaċtuiġ an-toil na colna atá dod' ċaṫraing go tiġ na bfian. Ó! fanntuiġmíd beiṫ ar hallaíb an Tiġearna, an áit a ḃfeicfimíd féile 7 mórdaċt Dé 7 a cúirte, breáġtaċt 7 fuḃailce ár Slánuiġteora, Íosa Críosd, na naomh 7 na n-aingeal, 7 comaċta an ċruṫuiġteora i n-a ċréa-

cúiṁiḋ, an onóir ⁊ an ġaiṁm do-ḃeir ré d'á ċáirdiḃ 'ran traoġail ro, an t-aoiḃneas, fós, ⁊ an ráṫaḋ do bí aca ag déanaṁ reiṁḃíre Dé. Ó! a ċompánaiġ, déanamuir an aiṫriġe, ó 'rí an t-aon bealaċ aṁáin atá againn le dul tríd ċum Mac Muire na h-Óiġe d'feicfin 'n-a ċúirt ġlóriṁar féin, ⁊ ċum doilġeara naoṁta do ṁúrġlaḋ in do ċroiḋe cuir 'na ḋiaiḋ na briaṫra ro eile: "Múrġail ruar, a ḃoċtáin; ⁊c."

I n-Ainm an Aṫar ⁊ an Mic ⁊ an Spioraid Naoiṁ. —Bíoḋ mar fin.

Micheál Ua Longáin, d'aiṫ-ġriḃ, 1819.

Seanmóin a h-Oct.

An Scomaoin.[1]

(Do Dómnaċ na Pailme nó an Iúdair.)

Dicite filiae Sion: Ecce Rex tuus venit tibi mansuetus.

"Innrid d'ingin Sion: féaċ do Rig ag triall ort, lán de milreaċt agus de ċeannraċt." Briathra léigtear ag Maċa Soiscéalaibe 'san t-aonmaḋ caibidil ór cionn a fiche, agus an cúigeamaḋ fann.

Deirim fá deara dá cinéal daoine ag dul isteaċ go folamanta roimh Iosa Criost go caṫair Ierúsalem. Gluaisigid an céad cinéal díob roimhe; fáluigid na bóithre le craoibeaċa glasa, leaṫair a n-éadaige roimhe agus bainid fuaim ar na fréamha le gáirdeaċar cum a cur i n-uimail dó créad é méad a ngrádha agus a bhrómóir dó, agus cad é an luaṫgáir do bí orra roimhe. Loisgeann an cinéal eile tré iomċnúid agus tré miorgair diablaide, an uile fóid meodain agus flige cum a glóire dó lasuigaḋ. Déanaid díceall ar an muinntir a coimeádar cuideaċta dó, do ṫarraing uaid—i n-aon focal loisgid an uile áḋbar agus an uile flige cum a corgaiṫa agus a cur dá coir.

So coramlaċt nó iomáig fírinneaċ an dá cinéal daoine, nó críostaidhe, a tigear cum Iosa Criost do glacaḋ 'san Scomaoin naomṫa ag cuireaḋ nó féarta folamanta na Cárga. Tiocfaid an céad cinéal díob

[1] Murphy MSS., vol. 42, pp. 105-126.

roiṁe ċum cuireaḋ do ṫabairt dó teaċt ċum coṁnaiḋċe i n-a gcroiḋċe, agus ċum riaġluiġṫe ionnta i gcáilíḋeaċt Rioġ. Ullṁuiġio riaṁ go cúramaċ lóirtín anma ḋó le h-aiṫriġe ṡíriunneaċ, le raoiṫoin iomṡlán, le croiḋe-briúġaḋ agus le doilġeas i n-a bpeacaiḋe. Seo í an deaġ-ċomaoin, ar ar mian liom tráċt 'ra gcéaḋ roinn dem' coṁráḋ. Ní ġlacfaiḋ an cinéal eile é aċt le coiṁ-éigean 7 le deacaṁail ró-mór, agus de bríġ go n-óruiġeann an Teampall nó an Eaglais é i bpéin a malluġaḋ agus a ngearraḋ amaċ ó ċomaoin na naoiṁ, nó na gcriortaiḋċe. Leigio riaṁ cráiḃṫeaċt agus diaḋaċt orra féin go roiṁ-imeallaċ ċum a ṫabairt le cuigrin gur ullṁuiġeaḋar iaḋ féin mar do b'oireaṁnaċ ċum na mór-ḃainise sin do ġlacaḋ agus ċum naċ bféaċfaiḋe orra mar ḋaoine earráideaċa malluiġṫe, ar ṁoḋ go nuaiḋ-ċéadaiḋ agus go nuaḋ-báruiġio a Slánuiġṫeoir beannaiġṫe. Ag sin an droċ-ċomaoin ar a dtráċtaḋ 'san dara roinn. Aċt ċum go mb'fearrde ċiocraḋ liom an teagarg so do ċruṫuġaḋ óíb, agus ċum gur móide naċaḋ ré ċum glóire Dé agus leaga anma gaċ n-aon dá bfuil i láṫair, guiḋeamaoiḋ congnaṁ an Spioraid Naoiṁ tré eadar-ġuiḋe na Maiġdine glór-ṁaire Muire, ag ráḋ, "'Sé do beaṫa, a Muire, sril."

An Céad Roinn.

Nuair ġlacaiḋ daoine ar lóirtín áro-ṡlaiṫ no duine onórać, déanaiḋ díċeall an reompa do beiṫ néata glan roiṁe. Cóiriġio é le táirpéiriḋe agus le h-éadaiġe glana, cuiriḋ urraḋ-ṫiġe raiḋḃir ann—i n-aon focal, déanaiḋ an uile níḋ ċum compóiro agus ráraiṁ do déanaṁ do'n duine oiriḋearc sin. A anmanna criortaṁla, ir oiriḋeirce Íosa Criosd, do

leigeann rib oraib do teacht ar lóirtín ċugaib 'ran aimrir beannaighte seo, 'ná rígħe agus árd-flaithe an domhain le ċéile, óir tá a ḟċaċaoir bheiteamhnair ór cionn na n-órd aingliġe go h-uile; atá a ġlóire, a ċumacht, agus a mhórdacht fíorraiġe, neamh-ċríoċnaighe. Leis sin, a ċríostaiġe, créad é an cúram agus an t-imfhíoḃ 'n-ar ċóir dib a beith oraib, cum an t-ionaid, nó an seomra 'n-ar mian lib a ġlacad, do ġlanad agus do sgiomrad, do córuġad agus d'ornáiduġad, 'sé sin le rád, lóirtín dur n-anama, ar mod nach fuláir dib an uile fal, agus an uile falcar do tógbáil ar, 'sé sin le rád, an uile peacad, an uile droċ-ċleachtad, ainmhiana an craoġail agus na colna, le faoistin ġlan, agus le h-aithrigħe fírinneach. Ní leor so. Ní fuláir an lóirtín sin do córuġad agus d'ornáiduġad. Act créad iad na h-ornáidiġe ar éigean do ċur ann? Tá, a ċeardbháitheacha, na fubailcí críostamhla; mar atá, creideamh neamhthar, dóchas láidir, caritannacht dian, geanamnaidheacht mhór, agus umhluigeacht iomlán. Ag sin na h-ornáidiġe iarsin Dia ar an anam ċum coimh-ċeangail agus pórta leis, ċum a ionaid comhnaidhe do ċéanamh ann, agus ċum a ċompánaidhe agus a ċoimleacaidhe dílis do ċéanamh de.

Aithisteach dúinn i Soisgéal an lae indiu, a ċeardbháitheacha, go raib Íosa Críost ar n-a dul isteach go cathair Ierúsalem ar muin asail, gur fiubail ré ar éadaigħe daoine, agus ar chaoidib glasa do leathad roimhe 'ran tsliġiu. Má'r iomáiġ, nó cosamhlacht, dul isteach an tSlánuigtheora go cathair Ierúsalem dá dul isteach i n-anam an duine 'sa sgomaoin naomhta, bad ċóir go múinfeadh fuisim an ċéad dul isteach dúinn créad bad ċóir a ċéanamh cum sinn féin d'ullmhuġad i sgomaisi an dara cinn. Samhluigiu, nó cialluigiu na

h-ainmhidhe éigciallaidhe, do réir bheitheamhnair na nduaidhrí, bruídeamhlacht, claonta, agus ainmhianna an duine. Samhluighid na h-éadaighe ainmhianna an traoghail agus na colna. Cialluighid na géasa, nó na craoibheacha glasa, poimp agus iomarca an traoghail ar fuaraighe agus ar díombuaine 'ná duilleabar na gcrann ar n-a fgaipeadh leir an ngaoith. 'Sé míniughadh an nídh seo, a dhearbhráithreacha, gur mian le h-Íosa Criosd ag tuirling 'san anam dó 'sa gcomaoin naomhta, an uile dúil agus mian mí-riaghalta do dhíbirt ar, go ngrádhaidhe é féin roimh aitheas agus roimh aoibhneas, roimh ghradam agus onóir, roimh fuaimneas agus roimh dhíomhaoineas an traoghail bhréagaigh seo, go ndéanfaidhe iodhaibh dó do chlaonta, do mhaitheas agus do mhaoin an traoghail—i n-aon focal, go ndéanfaidhe iodhaibh dó do'n uile nídh atá contrárdha do fhriothal an tSoighéil.

Ní gan rúin-diamhar, gan toirg, a cuireas an Sgríbinn Diadha síos chomh puinteálta sin go raibh an t-ainmhidhe, ar a raibh Íosa Criosd ag marcuighecht ag dul isteach go cathair Ierúsalem, ceangailte, agus gur fgaoileadar na h-earbail é, cum é feoladh go dtí n-a Máighistir. Nach díth-céillidhe agus nach neamh-éireachtaighe an peacadh 'ná na beathaidhigh nó na h-ainmhidhe ar éigciallaidhe, óir tá sé ceangailte cuibhighthe le n-a chorpa agus le n-a dhroch-chleachtadh. Ní fuláir go fgaoilfidh feighbhighidh an Tighearna é le h-abrolóid agus le maitheamhnas 'na peacaidhe chum a cur i n-oireamhain chum comh-cheangail le h-Íosa Criosd 'sa gcomaoin bheannuighthe. Tá fíor agaibh, a chriosdaidhe, go bhfuil an té bíos cionntach i bpeacadh 'na fgláthuidhe ag an bpeacadh agus ag an diabhal. Dá bhrígh sin, cum filleadh ar Íosa Criosd agus cum a theith fann-fháistheach le n-a dheisciobail 'sa' traoighe agus ins na prío-

léiriúdhe atá aca tré thorad na dea-ghomaoine, ní fuláir éirghe ar an dub-ghláibhéadacht náireach, ghannalach roim le faoiridin glan. Ní fuláir na flaithrai cinneamhnacha do bhreith a chongbhar an peacthach cuibhrighthe agus a thoirmeasgar é ar lear anma a dhéanamh. Níor bh'fuláir an t-uan Cárgha, le n-ar fiorad ár Slánuighthoir i racramaint na h-altóirach, d'ithe ar mod d'áiridhe agus do réir fuirmeacha d'áiridhe. Ar dtús níor bh'fuláir an t-uan Cárgha d'ithe 'ran oidhche agus ní 'ran lá, fíoghar an ghreidimh atá againn, deacamhlach, 'ré rin le rádh, nach fuláir an chomaoin do ghlacadh le ghreidheamh láidir; an céad choinghiall atá riachtanach chum teacht le torad go bórd an Tighearna. Níor bh'fuláir é beith rórta, ní beidhighthe; níor bh'fuláir go ngeobadh an teine fríd. Fíorar an teine ghrádh Dé ionnar chum dea-ghomaoine a dhéanamh, nach fuláir caidhannacht tearaidhe dhian, ghrádh fírinneach do Dhia agus do'n chomharrain gan fuath ná miorghair do beith chum aon duine; nach fuláir fíochdáin agus muinntearadhar a dhéanamh le n-ár náthair. D'órduighead an t-uan Cárgha d'ithe le leithídhe agus le luibe searbha a chiallaighear fhacthughadh na colna. Má'r fonn lib, a ghíorthaidhe, teacht chum na mirtéidhe naomhta ro mar ar dual, ní fuláir díb bur gcéadrad do fhacthughadh, bur bproimp, bur n-uaibhreacht agus bur nghrádh díb féin. Ar fhacthadhar an cholann an fead na h-aimsire beannaighte de'n Chárghar? Ar choimeádadhar an thorghad do réir bur n-acfuinne?

Níor bh'fuláir ag ithe an uain Cárgha chior a chur timcheall na n-úbhann, 'ré rin le rádh, chum dea-ghomaoine a dhéanamh nach fuláir a beith gheanmnaidhe, finn féin d'ionnlad agus do fhiomrad ó'n uile fhal agus falchar neamh-gheanmnaidhe, óir ní féidir le Dhia nó le

h-Íosa Criost Lucht na dúire d'foigneam. Fá deoid, d'ódhuigead an t-uan Cárga d'ithe go tapaid agus le dúthracht. Do bein an Sgríbinn Diadha a éireacht dúinn .i. gur ab é an t-uan foin, an Cárg nó an eiréirge a ciallaigear flige nó bealach. Bad dóigh go mbad bealach firinneach an Cárg, nó an eiréirge seo ó tráth an peacaid go tráth na ngrás, ó beathaid mallaighthe mí-riaghalta go beathaid aingliúil criostamhail; ionnas go mbad dóigh an trlige nó an bealach so do déanamh gan moill, gan cáirde ar domhan.

Is é Íosa Criost i naomh-sacramaint na h-altóirach beatha agus oileamhain ár n-anama. Is beatha firinneach a cuid feola, agus is deoch firinneach a cuid fola. Is é fein a deimhnighear dúinn é ins na foclaib seo a léighimid 'sa seisead caibidil, rann 56, de Naomh Eoin Soisgéalaibh. mar adeir: *Caro enim mea vere est cibus et sanguis meus vere est potus.* Ar so is léir linn go n-iarrann an beatha sprioradálta neamhda foin na coinghill céadna, agus go dtugann na torthe céadna léithe, do réir a nádúire féin i flighid na ngrás, iarrar nó beirear an beatha corporda léithe i flighid na nádúire daonda. Acht cum na beathaid corporda dul cum maitheasa dúinn, atá dá coinghiall riachtanach. Ar dtús ní fuláir dúinn goile beo neartmhar do beith againn cum a dileaghad; 'sa dara h-áit ní fuláir an goile a beith folláin, agus saor ó'n uile aineagal. Má theartuigeann an céad coinghiall uainn, ní déanfaid an beatha dileaghail ar bith; ar mhod nach dtabharfaid cothugad ná oileamhain ar bith uaithe. Má theartuigeann an dara coinghiall uainn déanfaid sí, gan amhar, dileaghail iomphócar í cum aineagail agus falcair, agus i bfad ó chomhfhocaid do dhuine tinn nó bheithe, threasamhócaid

agus múchaid é, agus fós, do b'féidir go dtiocfad a bás de.

Mar an gcéadna, cum fachtamaint beannuighte Chuirp Naomhta an Tighearna dúl cum maitheasa anma dúinn, atá dá coinghealladh riachtanach: an céad coinghealladh ár n-anamna beith beo neartmhar le gráfa na rábála; an dara coinghealladh iad a beith faor ó'n uile aimeasgal, 'ré rin, ó aimhianna an traoghail agus na colna, aicídí friomhadálta contabhartacha. Má tá ár n-anam ar tcáid mharbhtach le dú aon peacadh amháin marbhtach, ní nachadh an comaoin cum rochair ná maitheasa ar bith dó; ní h-é rin amháin, acht déanfaid an aithighe nó eiréighe níor chuadhálaighe agus níor contabhartaighe 'ná roimhe rin mar adeir Naomh Pól linn ins na briathra ro, má tá ár n-anam lag claoidhte leis na dhoichmianaibh a riaghluighear ann, ní béid maitheas ná taighe dó 'ra gcomaoin.

Iarrann an t-abhtal céadna, ag fsníobadh cum na gCoimhdeanach, mar coinghealladh riachtanach cum deaghcomaoine, iad féin d'fhoighidh agus do fsúghadh—coinghealladh atá coimhriachtanach roimh i súilibh an abhtail go ndeimhnighean dé dúinn go mbíonn an muinntir a bíos 'na éaghmais cionntach i bhfuil agus i bheoil íosa Chríosta ag ithe agus ag ól a mbeitheamhnais féin. Acht ní fulaing dúinn a fhios a beith againn créad a thuigeann dé leis an bhfoighidh agus leis an fsúghadh so. Is pointe dár gcreideamh é, fós tá dé fuidhe le coimhdionól beannuighte Trent go bhfuil fsúghadh nó tárdáil fó-riachtanach cum saoisean glan do dhéanamh nuair a bíos duine ar tcáid peacadh marbhtaigh cum gan comaoin naomh-aithreach dia-mharbhaighe do dhéanamh. Acht an leos roimh i gcomhnaidhe? An bhfuil éin-níd eile le déanamh? Nó an iarrann an t-abhtal ar an uile

fóirt reactaig act an tárbáil roin amáin? Ní leor roin, a dearbráithreacha, tá cáir ann a iarrar coingill eile; óir fiafruigim díb cionnar do leomhfad cuirpteoiri agus anfhianaidhe puiblidhe tar éir comhnaidhe fada ina an uile fóirt malluigtheachta agus droichghníomharta, cionnar, adeirim, do leomhfadaoir imtheacht d'aon toirg ó dhaigh beannuighthe na faoiridine go bóthar an Tighearna? Leir fin créad a dhalluighear duine dá gcrúdughadh féin go firinneach? Dhalluighean, a dhearbráithreacha, nach fuláir do duine tar éir fad-comhnaidhe do dhéanamh i bpeacadh agus i malluighteacht, tornughadh le beatha nuadh do leanamhain, cur fuar go h-iomlán do na cleachta malluighthe earráideacha 'na paidh ré múchta, báidhte le cian d'aimsir, an uile fhiocair agus ócáid peacaidh do feachaint, comharthaí firinneacha aithrighe agus eiréighe grioghadálta do thabairt uaidh, péidheach agus fíochdáin do dhéanamh le n-a náthair, coimh-líonadh do dhéanamh do réir acfuinne i gcuid agus i gclú na gcomharsan,—' n-aon-focal, teacht chum beith 'na nuaidh-chréatúir tar éir an trean-duine do chaitheamh de leir an aithrighe.

Ar roin uile, a chíorthaidhe, ir follus chum deaghomaoine a dhéanamh agus le teacht le torradh go bóthar an Tighearna nach fuláir do duine beith glan orrnáideach. Tugaidh aire freisialta do'n dá focal ro a dhalluighear mórán. Adeirim ar dtús nach fuláir a beith glan, 'ré fin, nach fuláir a beith raor ó'n uile peacadh marbhtach ar a dtugamaid tráth ghrád na ráthála nó tráth na neamh-chionnta, learuighthe le h-aithrighe firinneach; ní fuláir dhó ráfarm do thabairt uaidh ina gach droich-ghníomh dá ndearna ré roimhe sin, 'ré fin, ráfarm agus comhlíonadh do dhéanamh ina gach níth do fuair ré, nó do bí aige go neamh-dhírtheanach, ráfarm a dhéanamh i gcuid

agus i gclú na gcomharsan, fíochdáin agus péidteach a déanamh le n-a earcáirde go fírinneach agus ó chroídhe, agus muna raib ré i n-acfuinn nó i gcoinneall na neithe seo do choimh-líonadh, ní fulair dó, an cuid ar luga de, a beit ar aigne a gcoimh-líonadh com luath a'r ir féidir leis; cuirim leis seo nach fulair dó a beit cuigrionach, eolgarach go leor i bhríomh-pointí a chreidimh, i bhríomh-dualgais a fhligeadh beathadh agus fin i bréin chroch-comaoine naomh-aithirighe do déanamh. Tugaid fá deara chéad aneirim, a déarbháithreacha; má tá fib i n-aineolas nó cionntach i n-aon mhilleán de'n tsórt so, ní lia faoisdin agus comaoin do-ghnídh fib 'ná dia-mharbhadh, ar mhod go bfuil ré d'ualach oraib tar éis eisséirge ar an aineolas sin faoisdin gheineamhlta do déanamh agus fin ar fead na h-aimsire do finneadar comhnaidhe ann; gan sin níl fádáil 'nduit gcionn. Bhfuilim go bfuil ré d'oibliogáid orm fearamh ar an bpointe seo de bhíg go bfuil fíor agam go bfuil mórán daoine 'san aineolas tubaistheach míadódhamhach so, i ar an ádhbar sin, ar an gcarán díreach go h-ifrionn.

'Sa dara h-áit, cum deagh-comaoine a déanamh ní fulair a beit ornáideach, 'sé fin le rádh, a beit lán de fhubhailcíbh chiortamhla; mar atá, cheideamh, dódar, caithannacht, umhlacht, meagardhacht, geanmnaigheacht agus mar sin, a ghnídear suas an tsáid sona sin ghráda na flabhla. I dtaobh na gcoinneall eile ar fiachtanach, i dtaobh na colna, atá 'fíor ag an uile duine nach fulair a beit ar céadlongadh ó theadóin-oidhche amach, 'sé sin, gan éin-níd d'aithe ná d'ól mar oileamhain, mar leigear, ná ar mhod ar bith eile. Airír go mbaid ceart do duine é féin do chórughadh go néata, glan do réir a acfuinne agus a fhligeadh beathadh. Tá 'fíor ag an

uile duine, mar an gcéadna, nach fulair teacht cum na comaoine naomhta le modamlacht, le h-urramh agus le fómór mór-mhór, le h-eagla coimh-mheargta le dánacht agus le dian-dúil coimh-ceangail le h-Íosa Criost. Ag sin, a chíorthaidhe, na coingill bad ceart nó bad dóigh do duine a tabairt leis go bórd an Tigearna. Cuardaighidh sibh féin ar an ócáid seo. Sgrúdaighidh bur gcroidhe agus bur gcogcubair. Féachaidh an raibh na coingill beannuighte seo agaibh 'san aimsir d'imtigh tarabh, nó an bhfuil sibh ar aigne dícheall do dhéanamh a mbeith agaibh ar so suas. Iar dteacht cum comaoine dhíbh, atá sé deimhneach cum so a dhéanamh nach fulair do duine duadh agus trioblóid go glacadh air; agus fós coimh-éigean do dhéanamh air féin. Gidheadh, ar an dtaobh eile, atá an rochar agus an tairbhe tarrthaingeochaidh sibh ar an gcomaoin, le í a dhéanamh ar dheagh-thráth, do-aithrighte, do-chuimhnighte, óir is í an deagh-chomaoin maith ar mó agus ar tábachtaighe dob' féidir libh d'fagbáil ar an saoghal so. Is urradh nó geall í leis an mbeatha fhíorraidhe. Do-beir sí iomadamlacht grása agus tiodlaicthe beannuighte orainn. Lionann sí sinn le neart agus le meanmna cum ár ndualgais do coimh-lionadh, cum searaimh amach go cróga i n-aghaidh gach cathughadh agus buaidhreadh dá gcuirtear orainn, agus cum buadh a bheith ar náimhdibh uile ár sláinte fíorraidhe. Baineann sí ár dtaitneamh de'n traoghal, dá maitheas, agus dá maoin bhréagaigh, dá onóir agus dá ghradam, dá aiteas agus dá aoibneas. Neartuighean sí sinn 'nár laighe, cuireann compórd orainn 'nár mbuaidhreadh, cuidighean linn 'nár dtriobhlóidibh, agus 'nár n-éagcruas. Soillsighean sinn 'nár ndoighthear, agus 'nár n-aineolas, agus, níor mó 'ná sin go léir, coimh-ceanglann go h-imheadhónach sinn le h-Íosa Criost ar

mod nac mbíonn ionainn i gcáilíocact act aon fearra leir.

'Sé ár Slánuigtheoir beannuigte féin a múineas an firinne compórdamail reo dúinn 'ra tSoirgéal mar a n-abrann sé: *Qui manducat meam carnem et bibit meum sanguinem, in me manet et ego in illo.* "An té iteas mo cuid feola agus ólas mo cuid fola, comnuigeann ionam-sa agus mise ann-san" (Eoin vi. 57). Ó, a maitheas agus a trócaire do-aitirtte Dé. Ó, a féile gan teora! Ó, a caitcannact do-cuimrigte! Ar so, a dearbráithreacha, is fusas an muinntir a déanas deag-comaoin d'aicin; óir má'r fíor, ó'r fíor gan contabairt, go dtigeann an Slánuigteoir cum comnaidte ionnta tré deag-comaoin a déanamh, ní bíonn malairt riaghlacha ná smaointe aca act riaghlacha agus smaointe Íosa Críost féin. Labraid riad mar é agus gníomhuigid riad mar é. Féachaid, a chríostaidte, an bruil an nid mar so dá bus dtaob-sa agus do cídid rib go glinn, roiléir firinne a noubairt lib. Anois, a dearbráithreacha ionmuine, tar éis maitheasa agus toraid na deag-comaoine do tairbeánad díb, is mitid nid éigin a rád lib ar an droc-comaoin, agus a tairbeánad díb créad é an fuat agus an gráin bad ceart dúinn a beit uirri,—nid ar ar gealladar tráct 'ra dara roinn.

An Dara Roinn.

Cibé ar bit flige 'na nglacaim an droc-comaoin, ni feicim innte act súr eagla agus uathbáir; agus cum fíor nó folus beag éigin a tabairt díb uirri, ní fulaing é d'aitrir díb cionnas adeir an Spiorad Naomh

féin uirri 'ran Sgríbinn Diaoa. Múineann sé duinn ar dtús go n-iceann agus go n-ólann an té glacar an comaoin ar droc-stáid, a bheiceamhar féin, 'sé sin le rád, a damaint fíorraide féin. 'Sa dara h-áit, go ndéanann é féin cionntach i bruil agus i bfeoil Íosa Críost. 'Sa tríomad h-áit go nuaid-céasann agus go nuad-bádhuigeann an Slánuigtheoir gradhmar .i. a Dia agus a Fuasgaltóir. Créad ar uachbáraige 'ná sin, a chríostaidhe? Nach leor é cum sgannrad agus cnit-eagla a cur orainn agus a cur d'ualach orainn dícheall do déanamh gan cuitim i dtubairt ná i míodócar com mór roin. Ar dtús icann agus ólann an peactach a glacar an comaoin ar droc-stáid a bheicheamhar agus a damaint fíorraide féin. *Qui manducat et bibit indigne iudicium sibi manducat et bibit, etc.* (1 Cor. xi. 29). An dtuigeann sib, a deardháichreacha, éisteacht na bfocal roin? Créad a ciallaigear nío d'ithe nó d'ól? Ciallaigeann ár mbeatha agus ár n-oileamhain do déanamh de, ciallaigeann, adeirim, é d'iompód 'nár mbrígh agus 'nár substaint féin, óir iompaigeann an beatha caithimid i bruil agus i bfeoil, agus déanann suas roinn ár gcolna. Mar an gcéadna, ciallaigeann duine d'ithe agus d'ól a bheicheamhair féin, é d'iompód 'na substaint féin agus cum a beith 'na roinn díbir dá dolainn go nádúrta; agus ar nór nach féidir le duine an beatha nó an oileamain a caitheann sé do sgaramaint leis tar éis a díleagála, mar an gcéadna, nuair a bíonn sé de tubairt agus de mío-áid ar duine a bheicheamhar d'ithe le comaoin diamharluigtheach, ní féidir leis, as labairt go coitcheann, é féin do tharraing uaid, 'sé sin le rád, gur nó-déacair dó a déanamh; nór nach fuláir míorbail ó Láimh Dé uilecomhachtaig cum a tabairt tar a air.

'Sa dara h-áit, an peactaċ a glacar comaoin ar droċ-ṫáid, déanann sé é féin cionntaċ i bruil agus i breoil Íosa Críosd do ṫuaillius̄aḋ. Níl amṫar ar domṫan ná gur coir nó-uaċbárać neiċe coiṫeasġa ar bit do ṫuaillius̄aḋ, óir 'sa' traoġal so féin do ċídeann sib go nóis̄ṫear agus go loiscṫear an muinntir a bíos cionntaċ i ngoid soiċeaċ coiṫeasġa, i mbriṫeaḋ nó i sobáil teampall agus i n-earráidíb eile de'n tsórt soin. Act dá mbéaḋ duine ċom malluis̄ṫe sin agus sacramaint beannuis̄ṫe na h-altóraċ—na h-Aḃlanna beannuis̄ṫe sá n-a bruil corp ion-aḋrais̄ṫe Dé agus duine—do ċur sá n-a ċosaib nó do ċaiṫeam 'sa múnlaċ, siarsuis̄im díb cad é an pionós nó an bár do ċeapsaḋ sib dó? Ar a son soin tá sé cinnte gur mó an masla do-beir an té glacar an ċomaoin ar droċ-ṫáid d' Íosa Críosd, 'ná sin go léir, de bris̄ gur mó suaṫ an tSlánuis̄ṫeora beannuis̄ṫe d'anam nó do ċoscuḃar truaillis̄ṫe le corṫa déirceamla 'ná do neiṫiḃ saoġalta dá sráineamlaċt. I n-aon focal, cad é an gráin agus an t-uaċbár do Dia, ṫoḃar an uile glaine agus an uile naomṫaċta, é féin d'feicsint i mbéal truaillis̄ṫe le briaṫra barbarḋa, le mionna agus le móide, le malluġaḋ agus le diamasluġaḋ, b'féidir ar ċeangain truaillis̄ṫe le monaḃar agus le cúl-ċainnt; i ngoile mío-órduis̄ṫe le neart meisge agus póitseaċta ata 'na seamlas agus 'na ċarn-aoilis̄, lán de bréantas, de sainnt, de díoġaltas agus de'n uile loċt dá sráineamlaċt agus dá déirceamis̄e, ar suaṫmaire leis 'ná uaim lán de dreoiṫeaċt agus de bréantas. Ó créad é uaċbár agus sráineamlaċt na droċ-ċomaoine! Siarsuis̄im díb-se an féidir a samail do ċlos gan criṫ-eagla agus uaċbár? Ar a son soin, tá so uile, sáirsiot, sírinneaċ.

'Sa tríomaḋ h-áit, an peacṫaḋ a glacar an ċomaoin ar ḃroċ-ṫráṫo nuaiḋ-ċéarann agus nuaḋ-báṫuiġeann ré Íosa Criosṫ, 'ré sin, tugann ré an marla céadna ḋó, agus déanann é féin ċoṁ cionntaċ agus dá dtaiṁnġéalaḋ ré an aṫ-uair do ḃroiċ é. Cia ċreidfeaḋ go muna mbéaḋ go ndeiṁniġeann an Sgríḃinn Diaḋa ḋúinn é? Ar go ir léir linn go n-aṫ-nuaḋann an peacṫaċ leis an ḃroċ-ċomaoin naoṁ-aiṫiseaċ, dia-marluiġṫe sin páir agus peannaid Mic Dé go h-uile ar an áḋḃar go ndéanann cailleaṁain agus ceilg-méiṁleaċ ar Íosa Criosṫ ar nós lúḋaṁ, buaileann ré ar an gcluasr é, gaḃann de ċnaṁ-treilí 'na éadan, gsiúrṫálann é, cuireann coróin deilgneaċ ar a ċeann agus taiṁnġéalann an aṫ-uair do'n ḃroiċ é. Ir é an peacṫaċ féin a ċoiṁ-líonar an ciomna uaṫḃáraċ truaiġ-méileaċ sin ar ṁod gur féidir linn a rád go dána mar aon leis na Doċtúiri Naoṁṫa gur cionntaiġe an ṁuinntir a glacar an ċomaoin ar ḃroċ-ṫráṫo 'ná na lúḋaiġ do ċuir Íosa Criosṫ féin ċum báis, de ḃrígh gur tré ainḃfior do cuireaḋ ċum báis é. Deiṁniġeann Naoṁ Pól ḋúinn dá mbéaḋ aiṫne aca air, naċ gcuir-fidís riaṁ ċum báis é. Sidéaḋ, na ḃroċ-ċriosṫaiḋṫe aoṁálar gur ab é Íosa Criosṫ a nDia, a máiġistir agus a n-áiro-ḃreiṫeaṁ; creideann siad go ḃruil sé láiṫreaċ i sacramaint na h-alṫóraċ, aḋrann agus onórann é 'sa tsacramaint céadna, agus ar a son sin marluiġeann siad a fearsa nó-naoṁṫa ar an mod ar truaiġleánta ar ar féidir cuiṁneaṁ. Níor ċuir na lúḋaiġ ċum báis é aċt aon uair aṁáin aċt cuireann na ḃroċ-ċriosṫaiḋṫe ċum báis é ċoṁ minic a's a glacaid an ċomaoin ar ḃroċ-ṫráṫo. Do ċuir na lúḋaiġ ċum báis é nuair a bí sé féin ullaṁ ċum báis d'fulang ar son an ċinid daonda; agus cuireann na ḃroċ-

Criortaiote cum báir é 'na staid glórmair do-marbta agus nuair bad ceart dóib a adradh agus fómór a tabairt dó.

Ní féidir cuimneamh ar doir an méirligh agus an tréatúir lúdar, eargaine agus dít an dinid daonda, gan cnit-eagla agus uathbár. Act fiafruigim díb nach bruil na criortaiote a glacar an domadin ar staid feadaid maird dom dionntad leir an tréatúir mallugte sin nó fós, nior dionntaighe, óir 'sé baramail agus breitheamnar mórán de na h-Aitheacha Naomta nár dheid lúdar gur b'é Iosa Criost Mac Dé nó má dheid, gur mear sé go raorsad sé é féin ó n-a námaid gan mórán thiobloide ná duaid. An áit n-a nodéanaid na droc-criortaiote cailleamain agus ceilg-méirleach ar an té adhálar siad a beit 'na Dia, 'na dhuthaigtheoir, agus 'na áird-thighearna aca, nár dóir go mbéad eagla orra go nodéanfaide an díoghaltar céadna orra do sinnead ar an gcealgaire agus an méirleach sin? Tá 'fíor agaib uile, a criortaiote, gnéad d'éirigh dó, agus gnéad an dríoc d'imtigh air. Ag so mar d'éirigh dó. Do thuit sé i n-éadócar iomlán, do dhoc é féin le neart buile, do néab agus do sgoilt a chinde, do sgéithigh a ionadar ar, agus d'imtigh a anam go fíor-íochtar ifrinn.

Gnéad í mar dhíc í seo do theitheobal an tSlánuighteora? Déanann Dia go mó-minic díoghaltar 'sa traogal so ar an muinntir a marbuighear agus a thuaillighear fuil agus seoil Iosa Criost le pionós agus le sgiúrsaí raoghalta; mar atá, cailleamain buidne, mío-chú, cinneas, anacra agus báir obanna thuaigh-méileadha. Seo an nid d'aithir Naom Pól do na Coirintianadha agus, fáirior, a tuiteas amach go mó-minic 'nár measg-na ar son nach gcuirimid suim ná

mocuġaḋ ann. Giḋeaḋ 'ré rionóir atá ceaṙta, gearṙta amaċ do'n droċ-ċomaoin cruaḋ-ċroiḋeaċt, calcuiġteaċt, agus neaṁ-aiṫriġe. I n-aon focal, damaint fíorṙaiḋe, óir iompuiġeann an droċ-ċomaoin innte féin fá leiṫ goiṁ agus uiṙóiḋ, móṙán de na coṙta ar uaċḃáraiġe agus ar gṙáineaṁla, óir ir díombuiḋeaċar 'ra gcéim ar áirde droċ-ċomaoin do ḋéanaṁ, de ḃriġ go nḋéanamaid úṙáid de'n ṁaiṫeaṙ ar mó ar féiṫiṁ le Dia do ḋéanaṁ ḋúinn ar an raoġal ro ċum an ṁarla agus na h-uiṙóide do ḋéanam ḋó ar mó ar féiṫiṁ le duine do ḋéanaṁ. Ir coir ċoṁ uaċḃáraċ roin í, a ċriosṫaiḋe, naċ cualaċar riaṁ a raṁail, de ḃriġ go ngaḃann sí de ċlaiḋeaṁ i gcroiḋe a caṙad, a fir póṙda, a deaṙḃráṫar, a díonuiġteoṙa, a h-aṫar ioṁṁuin ceannṙa. I n-aon focal, ir í coir ar malluiġte ar an doṁan í, de ḃriġ go n-ionnṙuiġeann sí i bpeaṙṙain Ríġ na Ríġte, Áiṙd-Diġeaṙna an uile níḋ, agus uġdaṙ an uile beannuiġeaċta. De na coṙta dia-ṁarluiġeaċa ir í seo ar gṙáineaṁla, de ḃriġ go dtṙuailliġeann sí an níḋ ar beannuiġte 'ra gcreideaṁ. Ir coir dia-ṁarḃaċ í, de ḃriġ go nuaḋ-báruiġeann sí Íosa Criosṫ aṫá 'na Dia fíṙinneaċ. Uċ! créad é uaċḃár, uiṙóiḋ, agus gṙáineaṁlaċt na coiṙe sin. Créad é an ċriṫeaglа, an t-anṙaḋ agus an t-uaċḃár baḋ ċóir díḃ a ḃeiṫ oṙaiḃ, a ṁuinnṫiṙ úd 'na naiḃ ré de ṁío-aḋ cuiṫim i gcoir ċoṁ h-iomaṙcaċ, ċoṁ gṙáineaṁail sin? Ar a ṙon roin go léir, ná déanaiḋ aiṫriṙ ar an malluiġteoir cuiṙiṙe lúḋáṙ. Ná cuiṫiḋ i n-éaḋóċar. Tá cṙóscaiṙe Dé do-ċuimṙiġte, dá ṁéid agus dá eaṙṙáidiġe ḃuṙ gcoṙta. Ir ceaṙt díḃ góṙ, fúil a ḃeiṫ agaiḃ le maiṫeaṁnaṙ d'faġḃáil ionnta ar ċoinġeall go nḋéanṙaḋ siḃ féin gaċ uile níḋ ar ḋual díḃ. Giḋeaḋ, ná déanaiḋ moill ar doṁan na meoḋain do ċur i

ngníomh ar mhaitheamh cum díoghaltais agus feirge Dé do chur air gcúl atá air an mbuille cum tuitim oraibh.

Ní h-uathbhásaighe a nuabhramar go dtí seo ár gcoimh agus urchóid na droch-chomaoine 'ná na neithe eile a fhiolmhuighear uaithe agus a leanar í, óir do-beir trí gnéithe báis léithe go ró-mhinic, bás corporda, mar atá, anbhás, nó bás obann, bás fhriomhadhalta, mar atá, cailleamhain na subhailcí nuadha, naille intinne, chuadchroidheacht iomrán, fuath agus mío-thaitneamh do neithe fhriomhadhalta, claontacht cum an uile fhóirt urchóide agus malluighteachta, agus rá dheoidh, an bás fíorfhaidhe. Dúnann rí an domhain i n-aghaidh thiócaidhe Dé, déanann rí an aithighe, nach mór, doi-dheanta, an cuid ar lugha de, ró-eachtrannach, ró-dheacamhlach le déanamh; acht 'sé an nídh ar phionnrabhátha leanar uaithe go gcoimcheanglann rí an té bíos cionntach innti le phionnsa an domhadhain. Is é Íosa Criost féin adubhairt é, ag labhairt ar Iúdhás (bhí cóir a thuigfinn do'n uile dhuine do dhéanadh aithis air na h-easpáidibh agus 'sa mhalluighteacht 'na haibh sé cionntach): "Atá aon 'ndhur measg, ar Slánuighteoir beannuighte, atá 'na diabhal"; ionnas gur féidir a rádh le fírinne go mbíonn an té glacann an chomaoin air droch-staid, rósta, coimh-cheangailte leis na fhriomhaidibh ifrionda, agus, dá bhrígh sin, roinn-fháistineach leo 'na n-urchóid, agus 'na gcruadh-mhuinéalaighe, 'na bruach do Dia uilechomhachtach—i n-aon focal, 'san uile dhroch-cháilidheacht d'aistrigh iad ó a beith 'na n-aingilibh cum a beith 'na nuabhalaibh. Ar do is furasa an mhuinntir a dhéanar droch-chomaoin d'aithin tar cách, óir ar mbeith dóibh d'aon náduir leis na diabhalaibh, nó fós 'na nuabhalaibh i bhreathain, ní féidir leo a dhéanamh acht oibreacha an

diabail agus na friorai mallughte; nó ag labairt níor cinnte, is é an diabal oibriughear ionnta agus a cuiridheas leo ar mhó nach gnátach 'na mbéal acht briathra barbartha, mionna agus móide móra, eargaine agus mallughadh, bréaga agus éitheach, monabar agus cúl-cainnt. Tá a gcroidhe lán le falcar an peacaidh, a n-intinn agus a smaointe tógtha suas go h-iomlán le h-iomadamlacht de churbóirí agus de neithe mío-chlúmhla, náireacha. I n-aon focal, tá a mbeatha go h-iomlán i mío-órdughadh iongantach, truaigh-mhéileach.

Sgrúdaighidh fíb féin, a chiortaidhe, ar an ócáid seo, agus féachaidh cionnas do chaith fíb dhur mbeatha go nuige seo. Féachaidh chéadh adeir dhur gcogcuibar féin lib air. D'féidir go noéarfadh fíb liom go bfuil an níd seo fóghnach; mo chreach nach maith ré ghnách! Acht, fáirrior, níl ré acht fó-ghnátach agus fó-choitcheann mar is follus cum a beith fárta deimheach de. Bíodh 'fhior agaibh go bfuil dá chinéal dia-mharluighte ann. An céadh chinéal déantar thé urchóidh, an dara cinéal thé mearbhall agus thé ainbfhior. Is follus go mbíonn an muinntir a glacar corp naomhta an Tighearna go fearach ar dhroch-tráth cionntach i ndia-mharlughadh thé miorgail agus thé urchóidh. Is díobh-so an muinntir úd a bíor deimheach iadh féin a beith ar tráth fheacaidh marbhtaigh agus a tigear go clár na comaoine gan faoisdin do dhéanamh, níd, fáirrior, atá fó-choitcheann; is díobh-so an muinntir úd ar ar eitigeadh an abrolóid, agus a tigear ar a fon foin go dána, diablaidhe go bórd an Tighearna, a chuireas amach níor mionca 'ná ar dóigh le daoine é. Agus fá dheoidh, is díobh-so an muinntir úd a geibear an abrolóid acht a ceileas a bpeacaidhe 'sa bhaoisdin, a chuireas bréig-mhóid nó a ceileas gnéidh-

comarcaí éigin aitriġeas cinéal agus nádúir an peacaid. Giodeád, ir iad daoine ar mó bíor cionntaċ 'ran nuia-marluġad uṁcóideaċ ro, na h-aitriġeaċa bréagaċa a déanar faoi roin ġlan, act naċ n-aitriġeann a mbéara, naċ noéanann aitriġe ar bit, naċ feaċnann riocair nó ócáidí an peacaid, naċ bruil, adeirim, i n-aigne coiṁ-líonad do déanaṁ i gcuid ná i gclú na gcomarran 'ná fiocċáin do déanaṁ le n-a náṁaid—ro iad, a ċríorcaidċe, an muinntir ar mó bíor cionntaċ 'ra nuia-marluġad uṁcóideaċ ro.

Teilgimíd rinn féin inniu, a ċríorcaidċe, i bfiadnaise áir Slánuigteora, agus impidimíd air gan bár a tabairt dúinn ar an tráid ġráineaṁail rin, abramaoid d'éan-ġut: "A Tigearna agus a Íosa Criosd, fleasctamaoid rinn féin 'do láṫair, aṁálamaoid rinn féin cionntaċ, agus iarramaoid maiṫeaṁas ort 'ran uile marlad ġráineaṁail a tugamar duit agus duit' cuid fola, agus duit' cuid feola fíor-uaisle ó tionnscnad an tsacramaint beannaiġte rin na h-altóraċ. Toirmisg orainn, a Tigearna, agus coisg rinn ó tuitim go brát i miosoṁtún agus i dtubairt coṁ móṁ roin, tabair bár a céad uair dúinn. A Slánuigteoir, ná leig dúinn teact i ngar duit' clár beannaiġte gan a beit glan, oireaṁnaċ do réir d'oiread agus d'órdaiġte dúinn. Cuir d'ualaċ orainn teact cuige leis na coinġill beannuiġte ar fiaċtanaċ dó, le cosgcubar glan gan teiṁeal, le h-anmanna cuillte de'n uile fubailce, le dian-dúil coiṁ-ceangail leat, ionnas naċ bruiġimíd ár mbár ann, 'ré rin ár mbár nó ár noamaint fíorfaide; act 'na aġaid rin, go bruiġimíd ár mbeaċa ann .i. ár mbeaċa fíorfaide do réir do ġeallaṁnaċa mórda féin dúinn. An nío atáim ag iarraid díb-re agus

dom féin. I n-Ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Amén.

Ar na fgríobadh le Seagan ua h-Ugdair do'n Doctúir Diadha Seagan ua Murchadha, earbog Corcaige ag Maiftir na Manach i gCorcaig. 1817.

Sirim beannacht an léigheora.

Seanmóin a Naoi.

Páis 7 bás ár dTiġearna.[1]

(Aoine an Ċéasta.)

Christus dedit semetipsum pro nobis, ut nos redimeret ab omni iniquitate, et mundaret sibi populum acceptabilem, sectatorem bonorum operum.

"Do ċoinbin Criost é féin ar ár son, ionnas go bruaġlóċaḋ sé sinn ó'n uile olc, 7 go nglanfaḋ sé sinn mar pobal nó-ċaiṫneaṁaċ 7 mar lucht leanaṁna dó féin." Briaċra póil Abstal 'san dara caibidil de'n eipistil ċum Titus, fann a ceaṫairdéag.

IS ionġantaċ, uaṫbárach, a ċáinde, an taisbeánaḋ adeir an fáiḋ Isaias do fuair sé féin ar Dia mór na n-uile ċomaċt: *Vidi Dominum sedentem super solium excelsum et elevatum . . . Seraphim stabant super illud: sex alae uni et sex alae alteri: duabus velabant faciem eius duabus velabant pedes eius et duabus volabant.* "Do-ċonnaic mé," adeir sé, "Dia 'na suide i gcaṫaoir áinde, aoibinn, agus an t-ómo ainglide dá ngoirteap Seraphim ar an gcaṫaoir 'na timċeall, sé sgiaṫáin ar gaċ ainġeal díob, dá sgiaṫán díob sin as folaċ a ġnúise agus a aiġde, agus dá sgiaṫán as folaċ a ċos, agus gan comnuide orra aċt dá molaḋ agus dá onórugaḋ" (Isaias vi. 1-2). Nuair do-ċonnaic an fáiḋ beannuiġde seo sin, adubairt sé leis féin: *Vae mihi, quia tacui, quia vir pollutus labiis ego sum* (Isaias vi. 5). "Is maiss dam-sa naċ bréadaim laḃairt ná Dia do molaḋ

[1] Murphy MSS., Vol. 83, pp. 99-145.

de bhíg nach bfuil mo béal glan." Agus an tan tug ré an marla dó féin deirtear go dtáinig aingeal dá ionnruige agus caor dearg i mbéal teanncaire aige i n-a láimh, agus d'iompuig ré an caor irtig 'n-a béal, ar mod go ndearna ré dionghálta é cum Dia do molad.

A cáirde ghráidhe, do-címid-ne an Dia céadna úd inniu, Iosa Criost, ár Slánuigtheoir. Ní 'na fuide i gcathaoir glóraimh atá ré, act i n-a fearaim ar trí tairngíb i gcrann na croice. Ní fgiathain aingeal do-cím ag folcad a ghúire agus a aigte, act é lán de fmugairdib na gceirtearnach niamblaide, malluigte, 7 cóta amadáin air ag folcad a cuirp agus a cos, ag gabáil 'na ball magairt agus fonnóide tré cathair nóir Ierúsalem, agus an cóta fin ag teangbáil rá n-a coraib, dá leagad ar a béal agus ar a fróin i lathaig 7 i lábán na fráide. Ní fogar ainglide do-cluinim ag teacht i n-a timcheall ag rádh: "Ir naomhta, naomhta, naomhta ainm an Tigearna, Dia na fluag," act fuaim 7 bruscarnach alt cuirp mo Slánuigtheora dá tarmaing ar cuibreach a bréagh agus a bréitheach leir an fíneadh tugad air i gcrann na croiche. 'Sé nídh do-cluinim urlabra na n-órd ag bualad bara, cora, agus troigthe mo Slánuigtheora ag an g-cineadh lúdaigeach ag rádh gan fstad: *Tolle, Tolle, crucifige eum* (Eoin xix. 15). "Tóg, tóg, croch, croch, buail, buail, raob, raob, marb, marb an bitheamhnach." Ní coróin glóraimh do-cím rá n-a ceann, act coróin fpine .i. dornán mór de dheilgnib géara ag pollad a cinn go cnáimh agus go h-inchinn. Ní h-é an tairbeánadh a fuair Peadar, Séamar, agus Eoin ar Sliab Tábor, an áit a dtáinig Maoire agus Eilias 'na gceann, agus do connacadar ár Slánuigtheoir lán de dhealradh agus

de glóire. *Et resplenduit facies eius sicut sol, vestimenta autem eius facta sunt alba sicut nix . . . . Et ecce vox de nube, dicens: Hic est Filius meus dilectus, in quo mihi bene complacui: ipsum audite.* "Agus do lonnruig a aġaid mar an ngréin 7 do déineadh a cuid éadaiġ bán mar an sneachta . . . . . Agus féachaid, táinig guth ó neamh ag rádh: 'Is é seo mo Mhac dílis do ródhaitchiġeann liom; éistidh leis-sean'" (Matha xvii. 2-5). Do-chím inniu, ní h-é dealluman na glóire nó na gréine i n-a ġnúis, acht dath an ġuail agus é 'n-a chnocaibh dubha agus gorma. Ní h-é Maoise ná Eiliah do-chím ag teacht 'na timcheall, acht bitheamhnaċ ar gach gualainn de 7 eisean mar thear bitheamhnaċ i n-a láir nó eatorra istigh. Do-chluinim é féin go truaiġ-mhéileach, bocht, ag gol ar an Athair fhiorfhaidhe agus ag iomchaoine fá n-a fágbáil go brónach 'n-a aonar ar mhod go gcualaidh neamh 7 talamh an sceadach chuaidh cháidhe do leig sé ar, ag rádh: *Deus meus, Deus meus, ut quid dereliquisti me.* "A Dhia! Ó! a Dhia, cséad fá'n tréig agus ar fhéin tú mé inniu i n-aimsir mo phiaċtanair agus mo dhoġnainne" (Matha xxvii. 46). Ní chluinim guth an Athar ag teacht ór a chionn dá aomháil mar Mac dó féin mar do sinne ar Sliabh Tábor; acht is é nídh do-chluinim inniu ar Sliabh Calbari ag an g-cineadh lúdaiġeach: *Vah, qui destruis templum Dei, et in triduo illud reaedificas, salva temetipsum; si Filius Dei es, descende de cruce.* "Fuch! Fuch! fút a bitheamhnaiġ, nach tú adubairt go leagfá Teampall Dé agus go g-cuirfeá suas arís i dtrí laethe é? C'áit a bhfuilid do comhachta anois? Sábáil tú féin, a bochtáin. Tuisling ar an g-croich sin, má tá comhachta Mic Dé agat" (Matha xxvi. 40).

Do-chím an ceathair-dúile mar aon leis seo ar

:mocnuigad, na carraigeacha ag fcoltad, na cuirp marba ag éirge ar tuambaibe, agus an faogal uile i n-aoin meall ceoig agus deataig le h-uachár fá bár agus fá fáir mo Slánuigtheora, ar mod gur féidir liom-fa a rád mar dubairt an fáid Isaiar: *Vae mihi, quia tacui, quia vir pollutus labiis ego sum* (Isaiar vi. 5). Mairg dam-fa, darab éigean beit im' doct de brig nach dtig liom fcairi fáire mo Slánuigtheora do cur i gcéill! Is mór do béad d'feidm orm an teanchair úd do cáinig fá déin Isaiar do teacht cugam, do glanfad mo béal ful nachainn do cuardugad na neithe feo romham, go fpeirialta de brig nach bfuil fior agam cia ar a dtiubrad m'agaid indiu ag iarraid congnaimh grád. Ní h-ionntaoid dam, dar leat, an t-Athair neamhda do tairbeáin an oideao rin de dhoch-agaid dá Aon-Mac, gé gur doirt fé allar fola i n-a fiadhnaife, agus gur guid fé é trí h-uaire 'fan ngáirdin ag iarraid cailig na fáire do cur tairis: *Pater mi, si possibile est, transeat a me calix iste.* "A Athair, má'r féidir é, deonuig an cailig feo do cur tharm" (Matha xxvi. 39). Agus nior b'áil leis aon focal furtacha do thabairt dó. Is deacair dam agaid do thabairt ar an Mac féin, óir ní fuil duine ar bith ar mó atá i bfreidm furtachta 'ná é féin, 7 gan é dá fagbáil. Ní furar dam agaid do thabairt ar an Sriorad Naomh le h-acmuinn d'iarraid air, óir ir é furtacht tug fé do'n dara pearfain de'n Trionóid: *Nec cogitatis quia expedit vobis ut unus moriatur homo pro populo et non tota gens pereat* .i. "Is córa aon duine amháin do cur cum báir 'ná cáid uile do dhamnugad" (Eoin xi. 50). Is deacair dam agaid do thabairt ar na h-aingil, óir ní fuil riad féin acht ag gol agus ag gárdha agus ag gairm coimirce. Is mó-annamh taobuigear feanmóiridhe

ar bit Muire Máthair féin inniu mar ar gnáth ar uairib eile, de bríg gur deachair athcuinge d'iarraid ar mnaoi boicht mar í ar tórramh a h-Aoin-Mic. Ní raib Muire aghaidh riamh go dtí an uair i n-ar céadaibh é acht i n-a h-eochair le h-aghaidh foighidheach óir-chirte na ngrás d'fhorgail, mar aderir an buabhall milis-bhriathrach San Bearnard: *Nihil nobis Deus voluit dare nisi per manus Mariae transveniret.* "Níor b'áil le Criost aoin tiodhlaicthe do leigean cughainn acht tré láimhibh na Maighdine Muire." Maire, ní fuil riachtanach aghaidh inniu leis an eochair seo, mar deir an Bearnard céadna. *Quia clavus penetrans factus est clavis reserans.* Do rinneadh eochair de na tairngthibh do buaileadh i gcoraibh agus i lámhaibh mo Shlánuighthora agus de'n tríleagh le'r forgladh a thaobh agus do leigeadh óir-chirte na ngrás béal ruar trá'n raoghal; ar mhodh, mar leat, ní fuil eochair de riachtanach againn; óir nuair bhritear arc nó córna ní fuil eochair de riachtanach ar aon duine cum aoin níodh dá bhfuil istigh ann do bhuain ar. Maire, do bhriseadh córna cuirp an Choimhdeadh inniu. Níor fágadh aon ball slán 'ran arc naomhtha seo na ngrás .i. Criost, ár Slánuighthoir, mar aderir Israel 'ran chéad chaibidil: *A planta pedis usque ad verticem capitis non est in eo sanitas* (Rann 6). Atáid ná grágha béal ruar ar mhodh, mar leat, nach bfuil riachtanach aghaidh le Muire mar eochair, gidheadh, d'aimhdeoin a noubhairt mé, ní leigfidh mé dhíom aghaidh do thabhairt orthu inniu, a Mhuire, de bríg mar nodhigh, nach noiultóchaidh tú rinn trá impidhe do chur ar t-Aoin-Mic grágha do dheanamh orainn agus trá chuiniughadh deor le d'Aon-Mac milis do chaoineadh; agus, dá bhrígh sin, leigimis uile sinn féin ar ar nglúinibh, agus abhramaoir fáilte an aingil Gabriel do Muire: *Ave Maria, etc.*

Christus dedit semetipsum pro nobis, ut nos redimeret ab omni iniquitate, et mundaret sibi populum acceptabilem sectatorem bonorum operum. "Do thiarbir Críost é féin ar ár son, ionnas go bruighfidís sé sinn ó'n uile olc, 7 go nglanfadh sé sinn mar fhobal só-thaitneamhach, agus mar lucht leanamhna dó féin" (Titus ii. 14). Is mó an mear, a dáithe, bíos ioma daoine glice nó cuíonna ar an intinn le n-a dtugann duine tiodhlacthe nó tabhartais uaidh, 'ná an mear bhadh dóigh do beith ar an níodh féin; de bhríghe gur mó an buidheadhas do bhéadh ag an uile duine cuíonna nó céilleadhe ar thiodhlacthibh dá laighead do gheobadh sé le deaghthoil nó le deaghaghaidh, 'ná ar bhfonntar dá mhéad do gheobadh sé go dúltuighthe nó go searachtach. Dá bhríghe sin, níor leor le Críost, ár Slánuighthe, a dtug sé de thiodhlacthibh fiadh do'n chineadh daonna ó thosach chruthuighthe an domhain go dtí an lá 'n-ar sineadh ar chrann na croise céadna é, gan a bhás 7 a bheatha do thabhairt ar ár son; agus d'eagla go sílfidhe nach le deaghthoil nó le deaghaghaidh do bhéarfadh sé a bhás ar ár son, d'fhógair an bolltcaire beannuighthe, Dochtúir na gCineadhach agus fearmónthuidhe na Fírinne .i. Pól, as rádh de ghuth árdh, mór, folus-ghlan: *Christus dedit semetipsum pro nobis.* "Do thiarbir sé é féin ar ár son de dheoin a chroidhe 7 a intinne," amhail a déarfadh sé go soiléir: "An bhfuil a fhios agaibh, a fhíol Ádaimh, céadh é an t-ádhbar ar theith Críost do'n Eigipt 7 nár fhulaing sé an bás ar bhur son nuair do bhí an Ríghe Iomhaidh dá iarraidh sul d'fhágh sé a chliabán nó a chrios ceangail? An bhfuil a fhios agaibh céadh é an t-ádhbar nár fhulaing sé do na phionnraibh nó do fhríobhnóiribh an phobail a ghabáil 7 a mhionca do chuireadar chuige? Aon ádhbar amháin go gcinealálta do

bí aige leir: *Nondum venit hora mea* (Eoin ii. 4); de bhríg nach dtáinig an uair ar mhiad leis bás d'fhulang. Gidéadh, innsin,—*Sciens Iesus quia venit hora eius, ut transeat ex hoc mundo ad Patrem* (Eoin xii. 1),—do bí a fhios aige innsin go dtáinig an uair ar mhiad dó bás d'fhulang, flaitheamhnas d'orgladh, agus an cineadh daonna, do bí le h-uchd an domain cuilleadh agus ceithre míle bliadhan, do leigean isteach. Dá bhríg sin, ionnas gur mhór dhuit m-buidheachas ar Chríost aneir pól: *Dedit semetipsum pro nobis.* "Do thoirbir sé é féin de dheoin a chroidhe agus a intinne ar ár son." Ó! a cháirde, is aidhbhéil méad an ghrádha so agus na trócaire do thairbeáin ár Slánuighthe oúinn 'san toirbirt naomhta so do sinne sé air féin do láimh a náimhad ar ár son, óir i n-aimsir na toirbirte seo do bí a fhios aige go maith go g-coimh-líonfadh sé gach aithe agus imdheargadh, gach marla agus gach mío-mhodh, gach páis agus gach pianódh dár seanm-práidheadar na fáidhe do theangmháil dó, mar anmuigear sé féin as Lúcás Soisgéalaidhe: *Ecce ascendimus Ierosolymam, et consummabuntur omnia quae scripta sunt per prophetas de Filio hominis.* "Féachaig, atáim ag dul go h-Ierúsalem innsin go dtiocfadh bhriathra an fháidh isteach dom' thaobh-se" (Caib xviii. Rann 31). Do chuir sé, dá bhríg sin, beirt de na h-abstalaibh cum na cathrach ag rádh an cáirde d'ullmhughadh roimhe féin agus an suipéar déidheanach.

Aneir an t-Athair naomhta Bonaventura gur fan Chríost amuigh, an fead do bí siad sin istigh, as caint le n-a Mháthair, as rádh mar seo: "A Mháthair ró-mhilis, ní fuil amhras agam-sa 'san méad d'fhulaingir ar mo son le trí bliadhna déag ar fichid i dtíoraibh fuara, coimhgheadha, as teitheamh liom ó áit go h-áit, dom' dhíon ar inghreidim, ar bhuadhairt, ar liontaibh agus ar cheal-

gaib mo náṁad; dá brígh rin, ní fuilim-re comh díombuidheach rin nach aomhuighim méad na h-oibliogáide do chuir tú orm. Anoir, a Thuime agus a Mháthair, bíodh a fíor agat go dtáinig an uair do réir dola m'Athar 'n-ar cóir dam-ra bár agus páir d'fhulang ar son na h-Adhamh-chloinne. Do-chíthí tusa, dá réir seo, mise i mbárrach ar athrach cuma agus ceangailte mar bhitheamhnach le páraibh pó-phighne, cruadha, caola, cnáibe, go leor dorn dá mbualadh orm; corróin fhíne ar mullach mo chinn agus mé dom' chéasadh mar rógaire. 'Na diaigh seo chífidh tú marbh mé idir do dhá láimh féin, agus gan comhacht agat fuirtheacht ar bith do thabairt dam. Dá bhrígh rin, ar an ádhbar gurab é seo mo chomhrádh déidheanach leat, tabair dam do theannacht, agus guidhim tú ar ucht m'Athar beith foighdeach agus do thoil do chur do réir dola m'Athar, rá bár d'fhágbáil dam-ra ar son an chinidh daonna." D'fhreagair Muire é ag rádh: "A Mhic mh'anma agus mo chroidhe, a dhalta m'uchta agus áilleáin mo fhúil, agus a fhúigh mo chiodh, d'umhluigh riamh do do Mháthair; a compánaigh agus a chuideachta, ir thuagh liom-ra an rioct rin i n-a mbéidh tusa. Ní réidir, a Mhic na ngrás, go bhfeicfidh na fúile seo agam-ra tusa ar do fhíneadh i gcrann na páine agus tairngidhe ceann-ghalbha ag péabadh do ball, agus tabairt anoir bár dam fuil do-chíthear rin. Agus de bhrígh go bhfuil fíor méad do chumair agam, fuargail an cineadh daonna ar fhlighe éigin eile, agus gan do bár do thabairt agus mo bár-ra mar aon leat. Má órduigh an t-Athair neamhda do bár ó'n tríonnaidheacht mar dhíolaidheacht ar son cionta na ndaoine, fágh bár gan pian, gan céasadh, gan chrochadh."

D'fhreagair Íosa í ag rádh: "Ní fuil amhras, a Mháthair, gur órduigh Dia mo bár, agus ionnas go

gcoimh-lionfainn a toil, go bfagad an bár ar thuailcigte fuir féidir do nádúir d'órdughadh; agus fós, ionnas go gcuirfinn méad mo ghráidh ar an duine i gcéill, go bfulaingeochaidh mé an bás ghráineamhail seo ar a son go foighdeach. Dá bríg sin, a Mháthair mhóthilir, bíodh an fhoighde ór cionn an uile fhubhailce agat-sa, an níodh atá de phiachtanas go mór orm cum na h-aimhirse atá romhat." "A Mhic mo chíoch," ar sí, "ní mise a béas go brách contráirde do toil an Athar fhíorfhaidhe, agus ó'r é a toil-sean do bás mar dhíolaidheadh ar son cionta na nduaine, déanaim-se, mar an gcéadna, oifráil ar do chorp daonna go toiltheanach do réir tola Dé; gidheadh, a Mhic na trócaire, is é do ghráidheas mo chroidhe go fmior an feoil dhiadha sin agatsa as a dtug Dia le h-oibhriughadh an Spioraid Naoimh foirm dheagh-mhaireach in mo bhroinn 7 a dtug mé oileamhain, beidh dá phianadh ar mhodhaibh éagsamhla im' fhiadhnaise as an gcineadh lúdaigheach; agus, dá bríg sin, ionnas go bfagainn pian mar aon leat, iarraim d'athcuinge ort, ar ucht a nveapna mham do d'oileamhain, mé féin d'fhulang páise mar aon leat i gcrann na páise. Ní féidir nach mbéidh na tairngidhe le bpoillsean cuca, láidir fós, cum mise do chéasadh mar an gcéadna! Ní féidir nach bfagaidh mise áit i n-éinfeacht i gcrann na páise! Ní cuidhe duit, a Mhic na foillse, an té d'iomchair tú naoi míosa 'na bhroinn go noiúltóchtá i fád aon uair amháin i gcrann na páise do' choimheadt."

Iar gclos na mbriathar sin do Chríost do chuaidh faighead an doilghir do bí aige fá n-a Máthair go croidhe ann, 7 as fileadh na súl le cruadh uimpe adubairt: "A Mháthair mhóthilir, as seo an t-am agam-sa beidh as cuall do coimh-líonadh tola m'Athar, agus de bríg nach féidir liom an athcuinge dheidheanach sin do thabairt, 7

fór, nár órduig m'Athair dam act mé féin amáin do éagrad ar fon an duine, tabair dam do beannacht, agus de bhíg nach féidir liom 'ran gcroic, ó'n fíneadh do-béarfaid na tairngidhe orm, cromadh leo dúgat-fa, tabair dam do fóg mar aon le do beannacht." Do thóg an Maighdean glórmhar a rúile fuar dum an Airdrígh, 7 dus a beannacht dó, dá fágsadh le n-a croidhe, ag rádh: "Go mbeannuighthear dú ó'n Tríonóid, a Mhic, agus bíodh cuimhne agat orm-sa 'ran gcroic, 7 ní théigfead-sa tusa go brách."

I ndiaidh an comhrádh thuaig-mhéilig seo do ghluair sé le n-a dheisciobluibh dum na cathaoir ag rádh: *Desiderio desideravi hoc pascha manducare vobiscum antequam patiar*;' sé sin le rádh, "Is mór an dúil atá agam an cáisg seo d'ithe lib sul má fulaingeochad" (Lúcás xxii. 15).

Díodh a fhior agaibh, a cáirde gráidhfa, go raibh gnáth 'ran aimsir seo ann uan cásga do mharbadh agus dul go teach a gcaithidhe é, 7 le linn imtheachta do'n chineadh lúdaigheach i dtalamh na h-Eigipte fuil an uain do chuimilt d'urranaibh 7 d'fár-dorsaibh an tighe; 7 do ghealladh sé féin go dtiocfadh sé an oidhche céadna ag rádh: *Percutiam omne primogenitum in terra Aegypti ab homine usque ad pecus.* "Ní fágfaidh mé aoin chéidh-gein d'fear ná mhnaoi ná d'ainmhidhe ar fud na h-Eigipte uile gan marbadh" (Eccodor xii. 12). *Erit autem sanguis vobis in signum in aedibus in quibus eritis: et videbo sanguinem et transibo vos.* "Béidh an fuil seo an uain mar comharta ar bun dtighthibh-se, 7 an uair chifead-sa an fuil, aithneochad gurab í sin bun n-áit-se agus racad tharaibh gan díoghbáil do dhéanamh díbh" (Eccod. xii. 23). Ní raibh 'ran bhuil nó 'ran uan so, a cáirde, acht fíoghair, de bhrígh gurab é chiallaighead sé an t-Uan

naomhta neamh-urchóideach seo, Iosa Criost, ár Slánuigtheoir, dá ngoirtear Uan 'san Sgriptiúir ag Eoin: *Ecce Agnus Dei, ecce qui tollit peccatum mundi.* "Féachaid Uan Dé, féachaid an té a tógar peacadh an domhain" (Eoin i. 29). Do táinig do tógbáil peacaidhe an domhain. Do marbadh imdhu mar uan cárga é; agus is é chiallaigear clann Israel do bí i nDaoirre agus i mbruid ag Pharó, fiol Adhaimh do bí i nDaoirre agus i ngeibleadh a bpeacaidhe ag an diabal, 7 do ghell fé féin .i. Dia, go dtiocfadh fé go h-Eigipt ag déanamh díoghaltais an traoghail do orra. Ní raib aoin níodh díobh seo i bfolach ar Iosa, óir do bí a fios aige go maith gurab é féin do marbhóchaidhe imdhu mar uan cárga, de bhrígh mar adeir fé féin: *Non veni solvere sed adimplere.* "Ní do bhiread an peachta táinig mise, acht d'á choimh-líonadh" (Matha v. 17). Dá bhrígh sin dubairt fé: *Desiderio desideravi hoc pascha manducare vobiscum antequam patiar.* "'Sé m'fhonn an cáirg seo d'ollmhughadh i nbur measg 7 i nbur g-cuideachtain ful fulaingeochar mé an fháir" (Luc. xxii. 15).

Ionnar, a cáirde, go mbéadh fios fhaire na fáire agaibh cuigid, iar n-éirghe ó'n fuiréar do Iosa, ár Slánuigtheoir, gur ghlac uirge 7 gur nigh corra na n-abhtal uile, 7 i n-a diaidh sin gur beannuigh arán 7 go dtug dóibh é le n-a ithe .i. faghamaint a chuirp féin; 7 dhug fé do lúdhar é féin mar chách, gé go raib fios aige nach raib fé ghlan chuige; agus mar nach raib fios an uilc ag cách níorbh' áil leis a bhaist mar Fhéadtúir ag diúltughadh a chuirp naomhta do thabairt dó; agus mar nach raib feirean ullamh ghlan dó, mar badh dhleacht dó, do chuaidh an diabal isteach ann ar an mball 'n-ar chaith fé é. Ní dearna Dia d'foillsiughadh ar a olc acht ag ráidh go gceineamhlta: *Amen, dico vobis quia unus*

vestrum me traditurus est. "Deirim liḃ go ḃfuil duine i ndur mearg do ḃraiṫfear mire do'n ċineaḋ lúdaiġeaċ" (Maṫa xxvi. 21). Do ġlac gaċ aon aca uaṁan móir agus uaċḃár ag páḋ fá leiṫ: *Numquid ego sum, Domine?* "An mire é, a Tigearna? Fá ḋeoiġ, duḃairt an tréatúir lúdár le faiṫċeas go n-aiṫneoċaiḋe ar a ḋuċt gurab é féin do ḋéanfaḋ an fealL: *Numquid ego sum, Rabbi? Ait illi: Tu dixisti.* "'An mire an té seo, a Máiġirtir?' D'freagair Criort é ag páḋ: 'Deir tú mar sin é'" (Maṫa xxvi. 25).

Ar an áit seo do ġluair Iosa 7 na h-abrtail go gairdin Getremaní, agus do ġlac tuirse mór 7 eagla é ag páḋ: *Tristis est anima mea usque ad mortem.* "Trom, tuirseaċ, doḃrónaċ, atá m'anam go dtí an bár" (Maṫa xxvi. 38). Do ġlac an ċolann daonna criotnuġaḋ mór roim méad na páire do bí fá n-a ceann, 7 do ċuir allas sola ói. Agus iar mbeiṫ do Iosa ag urnaiġe i ḃrad, 7 an tóir ag riṫ ċuige, dus sé aġaiḋ ar an Aṫair neaṁḋa, ag páḋ go truaiġ-méileaċ boċt: *Pater mi, si non potest hic calix transire nisi bibam illum, fiat voluntas tua.* "A Aṫair, má tá naċ féidir do'n ċailís seo gaḃáil ṫairm gan mé d'ól airte, go ndéantar do ṫoil-sa" (Maṫa xxvi. 42). Nior ḃ'fada i n-a ḋiaiġ sin go dtáinig lúdár agus an cineaḋ lúdaiġeaċ leis, dá ṫaḃairt mar ḋoṁarṫa ḋóiḃ air tar ċáċ, gurab é Iosa an té dá dtiuḃraḋ sé féin póg. Ó! a tréatúir ṁalluiġte, céard é méad do ḋánaċta, póg do ṫaḃairt do'n té ḋíolair leis an náṁad ar deiċ briġinne ar fiċead! Ó! a duine ḋiabLaiḋe, cad é méad do ḋíombuiḋeaċair, Mac Rioġ neimhe 7 talman, do bí 'na Máiġirtir 7 'na Ḋionuiġteoir agat leis an brad seo, an té do niġ do ċorp agus dus a fuil agus a feoil féin duit fá gné aráin agus fíona, ag páḋ:

Hoc est corpus meum. "Is é seo mo corp-sa" (Mata xxvi. 26) do bhaith agat le póig cealgaig mío-rúnaig ag rád: *Quemcumque osculatus fuero, ipse est, tenete eum.* "Cibé duine dá dtiubhrad-sa póg, ag sin an bitheamhnach 7 beirid air" (Mata xxvi. 48). Ann seo do fuagadar na laochrainn ar Mac Dé, ar sgáthán na n-aingeal, ar áilleán Muire Máthair. Do ceangladar le práinib caola, cruaidha, cnáibe, é, cuid aca dá bualad le doirnib, cuid eile aca dá bhúgad le preabaib, cuid eile ag tarraing a fuilt agus a fionnfraid, 7 gurab é ar comhrád do gach aon aca: *Ah! Insidiator! Ah! Mage! Ah! Samaritane!* "Ó! a shoc-duine! Ó! a mheallthóir! Ó! a Samaratánig! Anois, tá tú againn, go deimhin do-bhéarthar díolaigeacht dúinn i ngach nid dá ndearnais go h-éigceart i n-aghaid an reachta."

Ó! a Áird-Rígh neimhe agus na cruinne go léir, is agat fein amháin atá fíor céadh é méad na péine d'fulaing an Mac thócaideach an uair seo; ar mhod an shonas bad dílse dó ar domhan .i. na h-abrail, gur theitheadar uaid, an uair táinig bradach Chíosd ireach ar Sheadar: *Amen, dico tibi, quia in hac nocte, antequam gallus cantet, ter me negabis.* "Amen, adeirim leat go réanfaid tú mé trí h-uaire roimh glaodach do'n choileach anocht" (Mata xxvi. 34). Breathnuigid, a cháirde, méad na péine d'fulaing an Mac thócaideach! Ní h-é sin amháin, act iar dteacht do Lázar Annar do bí 'na áird-fhionnsa, do buail fear de'n chineadh lúdaigeach dorn air do chéad go croidhe é, rá chonn mar adubairt ré leis an bhfionnsa ceist do chur ar an muinntir do bí ag éirteacht le n-a theagasg go laethamhail agus gan ceist do chur air féin. Ó! a Áird-Rígh na cruinne, is foigheach d'fulaing tusa seo cé gur chéad ré tú go cnámh ag rád go cruin macánta: *Si male*

locutus sum, testimonium perhibe de malo: si autem bene, quid me caedis. "Má labhair droch-fuo, tabair fiadhnaise ar an droch-fuo, acht má labhair deagh-fuo, cad é an fáth gur buailir mé" (Eoin xviii. 23)? Do bain an phionnta Annas cuigrin ar na briathraibh seo Chríost, agus de bhíg nach bfuair coir báir air, do chuir uaidh féin é go Caipheas—fear eile de phionntaíb an phobail. Díoh a fíos agaibh gur go docamhlach do cuireadh é rá déin Caipheas, ar mhoi nach raibh rian ná cuibheas, dar leat, 'ran gcéad péin do bí air feach mar do bí anoir ag teacht cum an dara duine le n-a feicsin. Nior b'é seo an bheitheamh thócaiseach leis an nduine mbocht do connaic sé ar coirte anma, acht, ar an mball, fiadhnaise d'iarraidh i n-a aghaidh. D'éirgeadar beirt d'fiadhnaisibe bréige ag dearbhughadh go nduibairt Críost: *Possum destruere templum Dei et post triduum reaedificare illud.* "Is féidir liom Teampall de do mhilleadh 7 é do chur ar bun i gceann trí laethe arís" (Mata xxvi. 61). Nior leor leis an mbheitheamh tioránta so sin gan é féin do chur ceiste air, ar b'é Mac Dé é? D'fheagair Críost gan mhoill ag rádh: *Amodo videbitis Filium hominis sedentem a dextris virtutis Dei et venientem in nubibus coeli.* "Deirim lib go breicsidh sib mise ag teacht de dheaf láimh m'Athar ag déanamh bheitheamhnais ar dheoraib 7 ar mhairb" (Mata xxvi. 64). Do phreab an bheitheamh tioránta ag rádh: *Blasphemavit, quid adhuc egemus testibus? Ecce nunc audistis blasphemiam. Quid vobis videtur?* "Do sinne an mealltóir seo dia-mharbadh. Créad ar fiachtanas fiadhnaise feasta? Créad aneir sib leis" (Mata xxvi. 65-66)? D'fheagair an coirte mío-choingiallach é ag rádh: *Reus est mortis.* "Tá sé cionntach, do thuill sé a bháthadh." Tá sé tigthe, ar

an mball, gan truaġ, gan taire, gan trócaire! Do ġabadar de feiliġe i n-a éadan air agus de dóirnib i n-a ceann ag rád: *Prophetiza, quis est qui te percussit?* "A Biteamnaiġ, do rinne tú Mac Dé díot féin, tarngair cia buail tú" (Lúcás xxii. 64). Iar mbeit dóib mar reo go meadón-oiġce do ceangladar do colmuin cloice é, 7 do rġiúrġáladar gan moill é.

Dearbuiġeann San Ieróm nać féidir d'aon duine dár ċruċuiġ Dia méad na péine d'fulaing an Mac trócaireać an oiġce rin do ċur i g-céill nó go dtiġiġ ré féin lá an breaċamnair déideanaiġ: *Passio quam Dominus ea nocte sustinuit nunquam perfecte cognoscetur nisi in die iudicii.*

Ar maidin rinneadar comairle a ċur ceangailte ċum árd-uaċtaráin na mbreitheamhan uile .i. Píolát. Iar gcloir do Píolát gurab ó'n nGailili táinig ré do ċuir ré uaid féin go h-Iorruaid é, do bí 'na ríonnra i gcúige na Gailili. Ní raib act mear amadáin ag an bfear reo ar Iosa 7 dus ré rá dearna orra cóta bán amadáin do ċur air agus a ċur tar ais go Píolát arís. Ó! a Árd-Ríġ an domhain, ir truaġ an baile reo ar d'Aon-Mac trócaireać! Ó breitheamh go breitheamh, ó dinnre go dinnre, ó ċoirte go coirte, gan truaġ, gan trócaire ag aon díob leir an truaġán bocht, act méadugad péine ag gać aon díob dá ċur air. Iar dteaċt do láċair Píolát, do mear Píolát nár b'féidir dó féin breit an báir do tabairt air nuair nać bfuair ré coir báis i n-a leit, agus ionnas go leigfidís an cinead Iúdaiġeać uaċa é, d'fiarfuiġ ré cia aca do béad raon Iosa nó Barabbas. Díod a fiar agaib go raib gnár 'ran aimsir rin ann duine éigin de'n buidin do béad irtiġ leigean amać i n-onóir na cárga. Do bí an fear so dá ngoirtí Barabbas 'na

nóġaipe, 'na rgriobadóir 7 'na ġabuide. Do mear Pioláit gurab é Iora d'iarrfadaoir do faorad agur Barabbar do croċad, agur adubairt: *Quem vultis dimittam vobis, Barabbam, an Iesum qui dicitur Christus.* "Cia aca ar mian lib go rgaoilfinn ċugaib? Barabbar nó Iora dá ngoiridear Criort" (Maċa xxvii. 17)? D'freagair riad-ran go h-árd, ag rád: *Tolle hunc et dimitte nobis Barabbam.* "Croċ an fear reo agur leiġeam Barabbar ar" (Luc. xxiii. 18). "An é bur dtoil bur Rig féin do ċur ċum báir?" ar Pioláit. D'freagair riad ag rád: *Non habemus regem nisi Caesarem.* "Nil aon rig againn ach Saeżar" (Eoin xix. 15). Do ċlaon Pioláit le h-eagla an rioġ talmaide 7 ċuġ ré breiteamnar báir ar Áird-Rig neime 7 talman ag rád: "*Accipite eum vos, et crucifigite.*" "Ag reo díb an biteamnaċ agur cuirid ċum báir é" (Eoin xix. 6). Ó! a bruaċra malluiġte, le'r tliġeaḋ Mac an Aṫar rioġraide, ir mairġ béal ar a dtáinig rib! Ó! a bruaċra diablaide, le'r daorad an ripéan i n-éagcóir, ir mairġ teanga do labair rib. Ó! a bruaċra neam-ċrócaireaċa, le'r glacad Saeżar do roġa dar Iora, ir mairġ intleaċt do rmuain rib!

Do ġluaireadar gan moill go cnoc Calbarí, áit d'áiride do bí aca ċum croċ-daoine do ċur ċum báir, agur an croċ dá h-iomċar ag Criort, cé nár b'furar dó é, nó gur fánuiġeaḋ, rá deoiġ, fúide é. Do cuireaḋ annrm iomċar na croide ar duine áiride do caraḋ orra 'ran trliġid, agur ní ar maide le Criort, ach le h-eagla go braġaḋ ré bár fúide rul rá breicfeaḋ an doman dá céaraḋ go h-árd innte é. Níor leor rogan coróin rpine do ċur ar a ċeann agur éadaċ maġaid purpair. Ní péarlaide ná cloċa uairle do bí 'ran ġcoróin ro mar baḋ ċuibe do coróin mic rioġ do.

beit innte; ní fcertear fíoghóa tugaó i n-a láim có mar baó ghnáit le mac áiro-fhionnra, act gar giolcaighe, agus các uile ag magaó faoi ag páó: *Ave, rex Iudaeorum, et dabant ei alapas.* "'Go mbeannuighear duit, a Rígh na n-lúdaigeac,' ⁊ tugadar palltóga dó" (Eoin xix. 3). Breathnuighid, a cáirde, méid na péine d'fulaing Íosa ar feaó na h-aimfire feo, dá marbughaó agus dá imdeargaó leis na fluaighthibh ar an uile thaob d.e, ag teacht 'na coinne le n-a mbuillíbh, le n-a n-urcharaibh ag páó: "An é feo an mealltóir? An é feo an bitheamhnac? Do rinne fé Mac Dé de féin; cridcaid, céadaid, faobaid, marbuighid é."

Iar dteacht go h-áit na croiche dóibh do tochail cuid aca an talamh 'n-a gcuimhne an chroch 'n-a fearamh. Do bí taithneamhe péid ag cuid aca. Do bí úimh le bualaó na dtaithneamhe ag cuid eile. Do cuireadh Mac an Athar fíorraide i gcrann na páire agus taithnge i n-a láimh dheis ar cheann dí, agus mar nár fhoich an lámh clí muirtir an dara taithnge 'gan gceann eile leis an gcrabaó do rinne fé le méad doilghis na láimhe deire, do tharraingeadar le córaíb caola, cruadha, í go muirtir an dara taithnge, agus mar an gcéadna le n-a coraib; ar mhod nár fhágbadar alt ná péit ná cuirle 'na corp nár faobadar, ⁊ nár bhaineadar ó chéile. Ó! a chríochnaighe chroidhe, féach a cuma! Ó! a chríochnaighe nach truagh leat Mac Dé ⁊ duine gan cnut, gan ghéimh, gan gné, gan glaine. *Ecce homo.* "Ag feo an duine" (Eoin xix. 5)! dá céadaó ar fon peacaighe na cruinne. *Ecce homo.* "Ag fo an duine" dá céadaó ⁊ gan aon trnáit uime! A Mhuire, atá fá dhun an bile, ag fo do chéid-ghein cloinne, labair fuil marbthar é uile. Éirt anoir, a fobail chríochnamhail, le h-uall-dubaó na mná thoicte. "A dalta m'uchta ⁊ a áilleáin mo fúil, ir

truaġ liom-ra an rioċt rin a bruilir i m'fiaḋnaire
voo' loc ⁊ voo' lán-maiḃaḋ ⁊ voo' ċorġaire ⁊ voo'
ċarraing ó ċéile ġan vaċ, ġan ġéim! Ó, a ċompánaiġ
ġnáḋaiġ! An tú ataá ann ar aon ċor? Má'r tú, ní
aiṫniġim tú. Muna bfeicinn féin voo' ċur 'ran rioċt
rin, ní ċreiḋfinn ġur tú ataá ann ó'n rioċt rin 'n-ar
ċuireaḋar an ċeiṫearn mallaiġṫe mío-ṫrócaireaċ tú.
C'áit a bruil vo blát nó vo ġéim? C'áit ar ġaḃ vo
ḋaċ nó vo ḋealḃ, a ċaomṫaiġ ⁊ a ċéile? C'áit a
ngeoḃaḋ fearḋa? Ní vaingean vam aon áit i
v'éaġmaiġ. Ir mire an bean boċt agur an Máṫair
millte, ġan aṫair, ġan máṫair, ġan fear, ġan inġean,
ġan mac, ġan valta, ġan compánaċ. Uċ! Uċ! Ón!
a Aṫair neamḋa, ó nár féaċair vo v'Aon-Mac, ir
truaġ nár féaċair vo'n mnaoi boiṫt ⁊ ġan a cráḋ ar
fav. Ó, a Mic milir, naċ tú ċruṫaiġ neamṫ agur
talamṫ agur vo ċuir a bruil ionnta ⁊ eatorra ve
ċréaṫúirḋiḃ? Naċ tú ceann na n-aingeal ⁊ na
noaoine, ⁊ tú anoir i gcrann na páire ġan mirneaċ?
Ir truaġ an t-aṫarraċ ro v'éiriġ ḋuit inoiu a ġnúir
áluinn, oirḋeirc, vo ċleaċt beiṫ i m'uċt-ra, ataá ag
vealgaiḃ rpíne vá pollaḋ go h-inċinn: na cluara
v'éirtiġeaḋ leir na briaṫra úv an aingil: *Benedictus qui venit in nomine Domini.* 'Ir beannuiġte an ṫé
ṫig i n-ainm an Tiġearna' (Maṫa xxi. 9), agur v'éir-
tiġeaḋ gaċ nóiméaḋ leir na h-aingil ag ráḋ: 'Naomṫa,
Naomṫa, Naomṫa, ainm an Tiġearna, Dia na rluaġ';
ataáiḋ inoiu ag éirteaċt le 'Tóg, tóg, croċ, croċ, raob,
raob, buail, buail, marḃ, marḃ an biṫeamnaċ'; an
béal baḋ mire 'ná an mil, ġan ve ḋiġ aige aċt vom-
blar agur pínéagra; na láṁa láiḋre le'r b'féiḋir an
voṁan móp vo ċlaoiḋ i nóiméaḋ uaire, iaḋ vá bpollaḋ
go teann; an corp vo b'áilne 'ná an ġrian níor vuiḃe

'ná gual gabann 7 'na cnocaib duba ó lámaib laoraann! Uc! a Mic m'anma, do chéig d'Adair féin cú! Do ceit do deirgiobail uait! Níl bean do finte ná do caointe agat. Mairg, dá maireadh lóreb, ir cormail go mbad chuag leir an bail reo ar a dalta féin agus ar mo Mac-sa!" *Quis est homo qui non fleret, Christi matrem si videret in tanto supplicio?* Cia an duine nach gcaoinfeadh Criost do béad ag éirteacht leir an Maigoin nglórmair ar an gcainnt reo rá bun na croice, agus gur ab é congnam dóláir do bí aici ó'n gcineadh lúdaigeach beit dá braicsin ag cur éadaig magaid amadáin air agus ag imirt a cuid éadaig féin le h-urcar oirle! Ó a Mádair na roillse, ir bocht doghrainneach do gléar 7 ní h-iongnad tú ag rád na mbriatar úd ag an brád leremiar: *O vos omnes qui transitis per viam, attendite, et videte si est dolor sicut dolor meus!* "Ó! a lucht friubail na fligead tugaid dá bur n-aire 7 féachaid go glinn an bruil doghrainn ar domhan ar mó 'ná mo doghrainn-se" (Thrathna ler. i. 12)? Ní cáinig rin, a cáirde gráda, agus ní chocraid go deired an domain thuag ar mó 'ná an Maigdean glórmar inniu. Ar dá ádbar, ar tuir rá 'n-a céid-gein cloinne d'oil agus d'altrom rí féin agus í i dtaob leir mar cloinn; an dara h-ádbar, nior fulaing an céid-gein cloinne reo aitir, imdeargad, marla, mío-mod, rian ná rionór nár fulaing rire mar an gcéadna; óir mar adeir an fealltram: *Anima est magis ubi amat quam ubi animat.* "Ir mó bíor an Chroide 'ran gcorp i n-a mbíonn a gráid 'ná ran áit a mbíonn ré féin ar iomcar." Dá brig rin, ar méad gráda Muire ar a céid-gein cloinne, gur mó bí a h-anam ann 'ná innte féin!

Do chráid doghrainn Muire íora mar gach níd eile,

agus ċuġ ré claonaḋ ar a ċeann 'ran ġcroiċ ag rád: *Mater, ecce filius tuus* (Eoin xix. 26)—"A Máṫair ró-ṁilir, ve bríġ go bruil riog méro do ḋoilġir agam, ag ro ḋuit mar ṁac agus mar ḋalta Eoin, mo ḋeirġiobal ġráḋaċ féin, do ġráḋuiġ mé riaṁ tar ċáċ agus do ḋéanraiḋ m'ionaḋ-ra ḋuit fearta." Do ċlaon aríf ar Eoin do bí 'na fearaṁ ór a coṁair ag rád: *Ecce mater tua* (Eoin xix. 27)! "A ṁic, ní fuil agam le rád leaṫ aċt ġur rin í do ṁáṫair annrin, agus ve bríġ go bruil riog agaṫ riaṁ méaḋ a cúraim ionnam-ra, ṫéin-ṗe cúram fearta 'na timċeall rin agus ṫéin m'ionaḋ-ra ḋí agus mo ḃeannaċt lib!" 'Na ḋiaiġ reo ċuġ ré aġaiḋ ar a Aṫair neaṁḋa ag rád go truaiġ-ṁéileaċ boċt: *Pater ignosce illis quia nesciunt quid faciunt* (Lúcáf xxiii. 34). "A Aṫair ṫrócaireiġ, maiṫ ḋóiḃ reo," 'ré rin, "maiṫ do'n ṁuinntir reo aṫá dom' ċur-ra ċum báir, ve bríġ naċ bruil fior aca créaḋ aṫáiḋ ḋá ḋéanaṁ;" ionann rin le rád, "A Aṫair ṫrócaireiġ, ní doḋ' ġuiḋe mar ḃreiṫeaṁ aṫáim ag iarraiḋ do ḃrortuiġṫe ċum oiġealtair do ḋéanaṁ ar m'earcáiroiḃ; aċt táim doḋ' ġuiḋe mar Aṫair lán de ṫrócaire, ionnar go mbaḋ ḋeonaċ leaṫ, ar uċt milreaċta an anma ro agam-ra, an ċoir reo do ṁaiṫeaṁ ḋóiḃ; ir mó mo ċion-ra ar fláinte na noaoine, agus ir uairle liom mar aṫċuinge é 'ná mo ḃeaṫa féin. Dá bríġ rin, a Aṫair ṫrócaireiġ, ir mó an meas ir córa ḋuit do ḃeiṫ agaṫ ar an ġcaṫċannaṫ do-ḃeir orm-ra mo ċuid fola do ḋortaḋ go fonnṁar ar a fon 'ná ar an olc rin. *Dimitte ergo illis* mar naċ maiṫteaṁ an ċoir nó go noéinteaṁ leoir-ġníoṁ 'ran ngoid. Féaċ ġur ġoideaḋ toraḋ an ċrainn ċoirmeargṫa i bFarraiṫeaṁ; féaċ mar éirig annrin mire inoiu mar ḋoraḋ crainn na croiċe! Glac rin mar fáraṁ agus mar leoir-ġníoṁ

inr na fean-fiaċaib fin." Ó! a Mic na ngrás, ir aiúbéil méad do ċaiṫċannaċta an tan atá tú ag iarraid maiṫeamnair do'n muinntir do ċuir 'ra fiocht fin tú agus gan de ṫruaġ aca fin duit-fe act ag méaduġad do féine gaċ traċt! Ó! a Luċt aontuiġṫe na nuiabal, naċ breiceann fiḃ na dúile boḋra, balḃa ar ċlaoċlóḋ rá bár Críost, agus fiḃ-fe amáin neamṁotuiġteaċ? Féaċ an claoċlóḋ! *Velum templi scissum est in duas partes, terra mota est et petrae scissae sunt et monumenta aperta sunt et multa corpora sanctorum qui dormierunt surrexerunt.* "Féaċaiḋ, do finneaḋ ḋá ċuid de ṁullaċ an teampaill go talaṁ, do ṁaoṫuiġ an talaṁ féin ċun briste, do fgaoiltead na carraigeaċa d'oifglaḋ na tuambaí agus d'éiriġ mórán de ḋaoiniḃ marḃṫa" (Maṫa xxvii. 51, 52). Ór a ċionn fo *tenebrae factae sunt super universam terram* (Lúcás xxiii. 44), 'fé fin, do bí an domhan go léir lán de ċeo agus de ḋoraċadar; agus ir é ċiallaiġeas an doraċadar fin go raiḃ na dúile uile lán de náire agus d'aiṫméala fá'n éagcóir do finneaḋ ar a gcruṫuiġṫeoir agus annfoin do ċonnacadar méad na h-éagcóra do finneaḋ air. Níor leig náire ḋóiḃ iad féin do ṫairbeánaḋ act iad féin d'folaċaḋ le h-úrḋuḃaḋ na gréine. Má ṫairbeánadar na dúile boḋra, balḃa an oifead fin de lionnduḃ agus de ċaṫuġaḋ rá bár Críost gur cuireaḋ culaiḋ ḋuḃ agus liḃré cuma orra féin, créad baḋ ċóir ḋúinn-ne do ḋéanaṁ de bríġ gurab ar ár fon do céaraḋ é agus naċ ar fon na nduile mboḋar mbalḃ. Aoeir Naoṁ Ieram, *Omnis creatura compatitur Christum et solus homo non compatitur.* "Ní'l créatúir ar bit naċ raiḃ truaġ aige do Ḋia act an duine amáin," agus gur ar fon an duine d'fulaing fé an méad fo do ċíonn fiḃ. Ó! a ḋuine iffeannḋa, i mór do ḋall an

diabal do tuigre, ir mór do ṡtop ré do ċéadaḋ naċ féidir leat tuaiġ do beiṫ agat d'Íosa do céasaḋ i ġcrann na páise agus d'aiṁdeoin a bruil dá déanaṁ air ġurab é ar comṁáḋ dó ar do ſon *Sitio* (Eoin xix. 28); 'ré rin go bruil tart ar Íosa de bríġ ġurab é ar tart ann, mian neiṫe do béaḋ ſuar fliuċ. Uime rin adeir Cyrillus ġur de na pianaiḃ ar ġéise d'fulaing Criost 'ran ġcroiċ an tart corporḋa. Ní h-ionġnaḋ ro agus an méad do ċuir ré d'allus fola de aġ iomċar na croiċe agus a beiṫ nocṫuiġṫe innte go h-árd le teas ġaoiṫe agus ġréine! Ó! a Ṫigearna, mo ċeirt ort créad é an éaġcaoine do ġníḋ tú ar pianaiḃ an béil aṁáin agus ġan ball de'n ballaiḃ ſaor ó péin. Óir do réir tairbeánta Briġide Naoṁta do buaileaḋ cúig míle agus ceiṫre céad agus deiċ mbuille agus trí ſiċid de ſgiúirse ort, ar ṁoḋ naċ dtuigim créad an t-áḋbar naċ ngearánann tú na baill eile ċoṁ maiṫ agus ġearánann tú an béal! Créad ar naċ dtuigeann tú, adeir Criost, ġur le déanaṁ ſioċa i bpeacaḋ Áḋaiṁ do ġlac mire an ċolann daonna, agus de bríġ ġur le h-ainmian agus le mí-ṁeasarḋaċt an béil agus na teangan do ṫáṁla rin ní neiṁ-ionġantaċ mire dá éaġcaoine mar ṫobar ar ar ſil ġaċ uile olc dom' ionnſuiḋe. Áḋbar eile, de bríġ go bruil pian agus céasaḋ na mball eile roiléir ro-ſeicſiona aġ ġaċ aon mar adeir Isaiar, ſáiḋ, 'ran céad ċaibidil, *A planta pedis usque ad verticem capitis non est in eo sanitas.* "Níl aon ball slán ó ṫráċt a bonn go mullaċ a ċinn ġan pian, ġan treaġaḋ" (Rann 6), ġidéaḋ, atá pian an béil agus na teangan i bfolaċ agus d'eagla go ſilfiḋe go mbéaḋ an oiread rin aṁáin ſaor ó pian agat, 'ré rin do-beir ort a ráḋ go bruil tart ort! Ó! a Ṫigearna, ir ionġnaḋ liom méad do ṫarta agus ġur domblas do

deoc! Ir iongnad liom méad do tarta agus nac cuimhin leat, an uair do tug Fioláit bheitheamhnar báir ort, gur cuireadh corróin fpíne i mullac do cinn! Ir iongnad liom nár coirg na fpoca fola do bí ag tuitim in do béal do tarc! Ná bíod iongnad orraib, adeir Criort, óir ir minic mé dá innrin díb nac fáil iongantair cócaireacht ar bit dá nvearnad ar mo corp-fa, ag pollad mo láimh, mo cor agus mo cinn, mar do tarngair an fáid Dáibid: *Foderunt manus meas et pedes meas et dinumeraverunt omnia ossa mea* (Sailm xxi. 17, 18). Cár bfuláir na ceithe fpoca fo do leigean amach do glanad an cinid daonna? Cár bfuláir na ceithe fpoca fo do dortad do tabairt leoir-gníomha do na fubailcidib cairdinéalta ionnar nac mbéad impearán eatorra? *Misericordia et veritas obviaverunt sibi iustitiam ut in pace sint* (Sailm lxxxiv. 11). Ir deimhin, a dáirde, má'r mian liom labairt ar céill fád-fúnda ail focail feo, *Sitio*, gurab é thom-fláinte na n-anam é; mar adeir Naomh Aibirtín: *Sitio salutem animorum*; tá tarc dur gcreidimh orm agus ir mó atá ré dom' goin 'ná mo rian réin. Ó! a chíorcaide choide, ná tiéig an Dia céadna fo imdu air níd ar bit. Féach ar a liacht cnead agus créacht air ar do fon! Féach na cúig míle ceithe céad agus na trí cneadacha agus trí ficid d'fulaing ré imdu dod' faorad-fa ar geibeann na ndiabal. Glac leir imdu agus adhnuig. Má tá fplannc céille ionnat do-béarfaid tú grád dó ar fon a comaoine.

Dearbuigim duit, a caraid, dá mbéad intleacht agus teanga a dtáinig agus a dtiocfaid de fíol Adaimh agam ar an láthair feo, nac dtiocfad liom an ficeamhad míle cuid do comaoin Chíorc ar an té ar úir-írle annfo imdu do dug i gcéill; agus, a caraid choide,

ó'r níb é do ċuaiḋ ór cionn tuiġre agus inċleaċta duine d'ḟairnéir, iarraim ort do ḟúile ranntaċa, raoġalta, colnaiḋe do ḃúnaḋ i ríoċċáin na fola ríor-uairle le n-ar fuarġlaḋ riḃ, bur púile creiḋiḿ agus coinriair d'orġlaḋ. Tugaiḋ aon aṁarc aṁáin leo ar ḟriorún ouḃ, doirċa tiġe irrinn. Féaċaiḋ a liaċt leoṁan ann, a liaċt driaġún craor-orġailte, ciocraċ, conraḋaċ do bí le h-aġaiḋ bur dtuarġain; teine naċ féidir do ṁúċaḋ agus sneaċta naċ féidir do leaġaḋ i gceárdaċa tiġe irrinn! Féaċaiḋ a liaċt rian agus rionóir eile naċ féidir do ċur i n-ónduġaḋ mar adeir Iób: *Ubi nullus ordo sed sempiternus horor inhabitat.* "De bríġ naċ bruil ann aċt gráin agus uaċbar fíorraiḋe" (Iób x. 22). Tógbaiḋ bur púile ó irreann agus tugaiḋ aon aṁarc aṁáin leo ar Ċríort, ár Slánuiġteoir, i gcrann na páire; Féaċaiḋ a corp creáċtnuiġte, taob-ḟorġailte dá bur raoraḋ agus dá bur ráḃáil ar ċraoraiḃ, ar leoṁanaiḃ agus ar ḋriaġúnaiḃ diabluiḋe tiġe irrinn. Féaċaiḋ na h-uirro ag bualaḋ na dtaimngiḋe agus na taimngiḋe mar mneoin ag dul i gcorr Ċríort dá bur raoraḋ agus dá bur ráḃáil ar ċéadċaiḃ agus ar ġaiḃ-niḃ tiġe irrinn; agus ir deiṁin, a ċáirde muna nglacaimío truaġ dó agus rinn féin d'ḟilleaḋ ó loċtaiḃ 'na bruilmío gur míle mó an céadaḋ do béar-raimío air 'ná mar ċimío inoiu ó'n gcineaḋ lúdaiġeaċ! Ir mó, gan aṁras, a ċríorcaiḋe, ċéadaḟ tú é le gaċ aon ḟeacaḋ marḃtaċ do ḋéanann tú; 'ré rin uaḃar, rainnt, drúis, tnúṫ, craor, ḟearg, agus leirge, 'ná an méad atá ré ag raġḃáil, ar ṁoḋ naċ dtugaimío fliġe ḋó ar ḟéaċain go grinn ná go trócaireaċ orainn!

Ir meara leir_méad ár nuiomburdeaċair rá marla d'ḟulang ar ár ron_'ná an méad rionóir atá ré ag

fagbáil, mar adeir Naomh Aibirtín. Ná bímíd, dá brígh seo, díombuidheach, agus smaoinimíd gurab é do chuid i n-urradhar ar ár son; an uair nár b'féidir linn féin ár saoradh, do shaor Iesean sinn agus do thug díolaidheacht le n-a chuid fola 'nár bpiachaibh! Ó! a charthannacht ór dhonn gach carthannachta agus a ghrádh do fáruigh gach grádh, óir cá bfuil grádh ann ar mó 'ná duine do thabairt anma ar son a charad?—*Maiorem charitatem nemo habet quam ut daret animam suam quis pro amicis suis* (Eoin xv. 13). Mairg, ir mó 'ná sin carthannacht Chríosd, óir nuair bíomar 'nár n-eascáinidh aige do thug sé é féin ar ár son, agus do bhuir an cairt do bí ag an ndiabal ar ár n-anmannaibh agus do cheangail do'n chroich í. Ó! mo thruagh géar an daoirse so do béadh ar chroich-earrach agus gé go raibh an t-earrach go h-olc ní luighfidhe do chuir seisean éigin maith innte d'eagla go dtiocfadh an mainghaire meabhlach, cealgach, mío-rúnach .i. an diabal, agus go mbéarfadh sé chuige féin í.

Siúd an cnoc 'na bfuil an riopa saidhbir cortagach; siúd an cnoc 'na bfuil earraidhe an domhain dá ndíol i n-airgead indiu! A charaid chroidhe, téanam ar an gcnoc so Calbairí, agus do geobair gach earrach dá bfuil d'earbaidh ort. Má'r corróin atá d'féidhm ort, siúd í an chorróin fhine ag dul go cnámh agus go h-inchinn i gCríost, tóg féin agus cuir ar do cheann í, agus gealluim duit gur míle mó do luach-saothair ar a son 'ná dá gcuirfeá corróin fhoghda ort 'na mbéadh féarlaidhe agus clocha uairle go talamh. Má'r hata cheartuighear uait nó éadach cinn ar bith eile, siúd é án púicín ar fhorra agus an cheithearn diabhlaidhe ag gabáil de bharaibh agus de dhóighibh air ag rádh—*Prophetiza nobis quis est qui te percussit!* "A bhitheamhnaigh, innir

dúinn cia do buail tú!" (Mata xxvi. 68). Má'r aibío atá uait nó gúna mór-luaig ar bit eile giúd é an cóta amadáin rá Criort agus é dá leagad ar a béal agus ar a aġaid i latair na gniáide agus déan éadaċ cuirp de. Má'r glac mór ċubaid atá uait giúd é an gar giolcaige agus cáċ uile ag gonomaid gaoi ag gád: *Ave Rex Iudaeorum, et dabant ei alapas* (Eoin xix. 3). Má'r criog atá uait, giúd é an gópa caol, cruaid ag gárgad a ċuid gola ioir ġeoil agus leaċar! Má'r biad nó deoċ atá de dít ort, giúd é an biad blagda agus an deoċ ġíor-ġláinte .i. a ġuil agus a ġeoil! Má'r geomna codalta ar mian leat d'ġaġbáil, giúd é an geomna géid agus an dorar orgailte .i. daod iorga ar n-a dollad leir an gleag! Má'r díol truaige atá uait, cá bruil díol truaige ar mó 'ná ár Máċair boċt ar dórnaṁ a h-Éin-Mic agus a céid-ġein cloinne; agus Mac Rioġ dá ċnoċad gá ġoid ubaill 7 naċ é féin do ġoid é aċt mire Áduṁ 7 mo ġean-aċair Áduṁ eile. Má ċeartuigeann nior mó de'n earnad go uait, bíod ġíor agat naċ bruil deired le h-earnaidib an ċnuic seo go brát.

Bíod ġíor agat gurab uime d'ġulaing Criort an méad go inoiu ionnar go mb'ġéidir leir an nío, do ċeannuiġ gé féin go daor, do bronnad ort-sa i n-airge agus gan de díolaigeaċt aige dá iarnaid ort aċt aṁáin gnáid ríornaide do ċabairt dó dá ċionn. Fiarfruigim díot, a ċara ionṁuin, dá mbronnfaide an méad earnaide atá i Lonndain nó i bPairis ort, dar nodig, ir mór an gnáid do béad agat do'n ġrionnga do béarfad an bronntanar sin duit agus bad duine díombuideaċ tú, gan aṁrar, muna mbéad. Maire, cad é an gnáid ar cuibe duit do ċabairt d'Áiro-Rig nime agus talṁan atá ag bronnad, ní h-é aṁáin earnaide

Lonnoain nó Pairir ort nó neite beagá, fuarada, faoiltha, ro-caithme eile, act flaitheamnar Dé atá fíorraibe, do-caitte agus do cuaid ór cionn tuigse an domain d'foillsiughadh.

'So an earrad nár malairt Muire Máthair, nár malairt an gaduibe 'ran gcroic. Féach, dá brígh sin, ar Muire; féach oilfeacht agus deagh-chroibe Coin le'r fágbad taob leis í. Féach aithrige an gaduibe 'ran gcroic ag rádh le Criost: "Cuimhnigh orm-sa, a Mic Dáibhidh, nuair do thocfair id' Rioghacht" (Lúcás xxiii. 42). Muna mian leat fómpla do ghlacadh de'n muinntir seo, féach umhla, úir-ífleacht, foighide agus boithe an tSlánuighteora féin! Tá sé bocht i gcúig cáraibh inniu. Ar dtúis tá sé bocht i muinntir, óir do theitheadar na h-abstail uaidh. Tá sé bocht i gcáirdibh, óir nil aon duine aige do labairtheadh focal ar a shon. Tá sé bocht i n-éadach, óir do raobadh ar a chuid éadaigh é agus do cuireadh éadach magaidh amadain air. Ta sé bocht i mbiadh agus i noigh, óir nil aige acht domblas agus sínéagsa. Fá deoigh, tá sé bocht i nduthaigh, óir nior fágbadh leithead a dá bonn ar urlár na croise aige nó gurb éigean a dá coir do chur fá aon taisnge amháin i gcrann na páise. Uch mo thruagh! mo thruagh! mo thruagh! mo mhile truagh! Mearamaoid-ne sinn féin do beith bocht agus a focaireacht agus a focamhlacht do geibhmid an raoghal ad' tharrac-sa. Uch! mo thruagh! Nach dtuigimid an méad so d'fuilingir ar ár son agus gurab é ar rún dúinn-ne i nduaid an mheid seo tú do thréigean ar neithibh fuaradha, ro-caithme an traoghail seo!

Cia againn nach ndéarfadh gurb olc an rogha do rug an cineadh lúdaigheach, nuair do diúltadar do Chriost agus do ghlacadar leis an mbitheamhnach Barabbas. Is

mearṁa rinn-ne go mór 'ná an cineaḋ lúḋaiġeaċ, óir ir mearṁa an peaca ḋ 'ná Barabbar agur 'ré an peacaḋ do beiriḋ-ne de roġa. Ní h-áil linn Dia, ácc uabar, rainnc. Ní h-áil linn Dia ácc meirge, máċair na n-olc, caillearṁain na h-aimrire, long-briseaḋ na ġeanmnaiḋeaċca, cúir agur deiseaḋ gaċ mí-ġnim. Ní h-áil linn Dia agur aoiḃneas ríorraiḋe ará dá orráil dúinn, ácc ár n-antoil ḃréagaċ, ċlaoin-ṁeaḃlaċ, ċubaiscead ċarraingeas rinn i mearg na noiaḃal malluiġċe bíor as friċeálaṁ agur as freasdal na briain noo-ḟulangċa dúinn an ceaḋ ṁairreas Dia as caiṫeaṁ na glóire.

Ó! a ċríorcaiḋe ċroiḋe, ná creig do Slánuiġeoir féin ar nío ar biṫ. Féaċ a liaċt cneaḋ agur créaċt air ar do ron. Féaċ na cúig míle ceiṫre céad agur na trí cneaḋaċa agur trí ficiḋ, d'ḟulaing ré inniu doo' ḟaorraḋ ar ġeiḃeann an diaḃail! Glac leis cé go bruil ré marḃ i gcrann na páire; ar a ron rin, tig leis tusa d'aiṫḃeoḋaċain le n-a ġníomraiḃ ó unċóid cnainn Parraiṫis.

Ó! a ḋuine ḃoiċt, an é ar mian leat-sa beiṫ uaiḃreaċ, sannsaċ, drúisreaċ, cnúċaċ, craorac, seasgaċ, leisceaṁail, agur eisean uṁal, úis-íseal, coisḃeartaċ, ġeanmnuiḋe, foiġseaċ, neaṁ-srasaṁna 'san méad so d'ḟulaing ar do ron. Ó! a ḋuine ḋiabluiḋe, an é ar mian duit beiṫ go searġais as gaḃáil do ċuid earraiḋe agur éaduiġ umat agur eisean ór do ċoṁais gan aon tsnáiṫe uime 'na ball rómpla as an gcineaḋ daonna! Ó! a ċroiḋe ar cruaiḋe 'ná an ċruaiḋ, créad an t-áḋḃar naċ maoċuiġeas tú as feicsin na sola síorruairle dá dortaḋ i gcrann na páire? Ó! a ċroiḋe ar cruaiḋe 'ná an ċloċ, créad é an t-áḋḃar naċ ngoileann tú as feicsin na mball mbeannuiġċe .i. corp

